



Department of Education and Science
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

RÁITEAS
STRAITÉISE
2005 ► 2007



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE



AN CLÁR

Réamhráiteas	Ón Aire Oideachais agus Eolaíochta	5
Réamhrá	Ó Ard-Rúnaí na Roinne	6
Ár Misean		7
Caibidil 1	Timpeallacht atá ag Athrú don Oideachas	11
Caibidil 2	Ag Freastal ar Riachtanais an Duine Aonair	17
Caibidil 3	Ag Tacú le Sochaí Uilechuimsitheach	23
Caibidil 4	Ag Cuidiú le Rathúnas Eacnamaíoch	33
Caibidil 5	Caighdeáin agus Cáilíocht a Fheabhsú	39
Caibidil 6	Ag Forbairt ár nAchmainn Soláthair	47
Caibidil 7	Ag Díriú ar Riachtanais ár gClient	59
Caibidil 8	Ag Cuidiú le Straitéisí Idir-Rannacha	63
Caibidil 9	Eagraíocht atá ag Athrú	69
	<i>Aguisín A – Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne</i>	72

RÉAMHRÁ



ÓN AIRE OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

Creideann an Rialtas seo go daingean gur bealach é an t-oideachas chun a chur ar chumas gach duine a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach agus, ina theannta sin, go bhfuil agus go mbeidh áit lárnach aige inár rath geilleagrach sa lá atá inniu ann agus sa todhcaí. Tá an dá thosaíocht lárnacha seo mar bhonn agus taca do na bearta atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo.

Léiríonn an Straitéis réimse na bhfeidhmeanna agus na seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn, an ról rí-thábhachtach atá ag an oideachas i seachadadh ar réimse aidhmeanna trasearnála de chuid an Rialtais agus an comhthéacs athraitheach ina dtugtar faoin obair.

Leagann sí amach ár bpleananna ardaidhmeannacha maidir le réimsí polasaí de leithéid an ghanntanas infheistithe i bhfoirgnimh scoile thar na blianta a chur i gceart, chomh maith le feabhas mór a chur ar sheirbhísí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu, agus cur chuige iltaobhach a chinntiú a chuirfidh ar chumas páistí as limistéir faoi mhíbhuntáiste an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna atá ar fáil dóibh ar scoil.

Léiríonn sí an chaoi ina bhfuil sé ar intinn againn aghaidh a thabhairt ar dhúshlán ar nós freastal ar riachtanais sochaí atá ag éirí níos ilchultúrtha, daoine óga a ullmhú don sochaí faisnéise agus forbairt a dhéanamh ar an mbonn taighde a bheidh fíor-thabachtach chun poist ardoilte a mhealladh chugainn amach anseo.

Tá clár gníomhaíochta leagtha amach ar réimse an-leathan saincheisteanna a bhaineann le gach leibhéal dár gcóras oideachais. Táim féin, i dteannta leis na hAiri Stáit Síle de Valera agus Brian Ó Luineacháin, ag tnúth le bheith ag obair le foireann mo Roinne agus, i spiorad na comhpháirtíochta, leis na páirtithe leasmhara go léir a bhaineann leis an oideachas – tuismitheoirí, múinteoirí, pátrúin/iontaobhaithe scoile, comhlachtaí bainistíochta agus an pobal – chun na haidhmeanna atá leagtha amach sna leathanaigh seo a leanas a chur i gcrích.

Le gach dea-ghuí

Máire Ní Aínifín TD
Aire Oideachais agus Eolaíochta

RÉAMHRÁ



Ó ARD-RÚNAÍ NA ROINNE

6

Tugann an Ráiteas Straitéise seo cuntas ar aidhmeanna lárnacha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta thar an tréimhse 2005 – 2007 agus ar na straitéisí a bhaineann leo. Ceapadh é i gcomhthéacs Pholasáí an Rialtais agus ráiteas misin na Roinne agus taobh istigh de chreatlach na n-acmhainní atá ar fáil.

Éilíonn foghlaimeoirí, tuismitheoirí, oideachasóirí agus daoine eile ardchaighdeán seirbhíse, agus an ceart sin acu. Éilíonn siad chomh maith tuilleadh cuntasachta agus pleanáil den scoth chun riachtanais oideachasúla a fhreastal sa todhchaí. Tugann an Ráiteas seo cur síos ar thiomantas na Roinne do sheachadadh seirbhísí den scoth a fhreastalaíonn ar riachtanais ár gcustaiméirí, ár gcliaint agus ár bhfoghlaimeoirí ag gach uile leibhéal, agus sinn ag obair as lámh a chéile le Ranna agus áisíneachtaí Rialtais eile, de réir mar is cuí.

Tá struchtúr na Roinne tar éis a leasaithe go suntasach. Tá feabhas tagtha ar sheachadadh seirbhísí lárnacha ó bunaíodh Coimisiún na Scrúdaithe Stáit, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais agus gréasán na n-oifigí Réigiúnacha.

I gcaitheamh na mblianta atá le teacht cuirfidh an Roinn i gcrích clár mór díláraithe a mbeidh dúshlán suntasacha eagrúcháin ag baint leis. Os rud é go bhfuil seirbhísí suntasacha ag an Roinn i suímh díláraithe cheana féin ba cheart go mbeadh an taithí seo ina chúltaca againn agus sinn ag tabhairt aghaidh ar an dúshlán seo agus ag coimeád ár seirbhísí ar bun ag an am céanna.

Braitheann seachadadh na straitéise ardaidhmeannaí seo ag an am céanna le bainistíocht na n-athraithe eagrúcháin ar obair agus tiomantas foireann na Roinne. Is mian liom buíochas a ghabháil leo siúd a raibh ionchur ag a gcuid oibre do chur chun cinn aidhmeanna ráiteas straitéise na mblianta roimhe seo. Táim ag súil le bheith ag obair le chéile chun ár gclár oibre ardaidhmeannach a chur i gcrích.

Brigid McManus
Ard Rúnaí

ÁR MISEAN

IS É MISEAN NA ROINNE OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA NÁ ARDCHAIGHDEÁN OIDEACHAIS A CHUR AR FÁIL:

- A CHUIRFIDH AR CUMAS DAOINE AONAIR A N-ACMHAINN IOMLÁN A BHAINT AMACH AGUS A BHEITH RANNPHÁIRTEACH GO HIOMLÁN MAR BHAILL DEN TSOCHAÍ, AGUS
- A CHUIDEOIDH LE FORBAIRT SHÓISIALTA, CHULTÚRTHA AGUS EACNAMAÍOCH NA HÉIREANN.

AR MHAITHE LEIS AN MISEAN SEO, TÁ NA SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL SEO A LEANAS AG AN ROINN:

- 1 Cuirfimid oideachas ar fáil a oireann do riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha an duine aonair.
- 2 Tacóimid, tríd an oideachas, le sochaí uilechuimisteach shóisialta agus le comhionannas deiseanna do gach duine.
- 3 Cuideoidimid le rathúnas eacnamaíoch, le forbairt agus le hiomaíocht idirnáisiúnta na hÉireann.
- 4 Beimid ag iarraidh caighdeán agus cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus cuirfimid sárchleachtas chun cinn sna seomraí ranga, sna coláistí agus i lárionaid oideachais eile.
- 5 Tacóimid le soláthar oideachais trí ardchaighdeán i bpleanáil, i gceapadh beartais agus i seirbhísí do chustaiméirí.

ÁR SAINORDÚ

Chun tacú leis na spriocanna ardleibhéil seo, clúdaíonn ár sainordú na príomhréimsí seo: anailís ar bheartais, pleanáil agus meastóireachta, dearbhú cáilíochta, acmhainní agus rialáil, chomh maith le raon leathan seirbhísí a sholáthar don earnáil oideachais.

Pleanáil agus athbheithniú beartais

Is cuid mhórhábhachtach den tseirbhís a chuireann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar fáil, mar thacaíocht don Aire agus don Rialtas agus mar chuidiú maidir le cinntí a dhéanamh agus maidir le cuntasacht do Thithe an Oireachtais, an chomhairle beartais ar ardchaighdeán a sholáthraíonn an Roinn. Déantar forbairt agus athbheithniú ar bheartais i gcomhairle leis na príomhpháiríthe leasmhara san oideachas. Tá taighde ar an sárchleachtas agus comhroinnt ar an taighde sin an-tábhachtach maidir leis an bpróiseas forbartha beartais. Tá roinnt limsitéar freagrachta beartais ann a bhfuil baint ag ranna eile leo freisin, ar nós uilechuimsitheacht shóisialta agus oideachas luath-óige agus cuirtear iad sin ar aghaidh trínár rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre agus i dtascfhórsaí.

Dearbhú Cáilíochta

Ceann dár bpríomhchúraimí ná ardchaighdeán oideachais a chinntiú. Tá ról tábhachtach ag an gCigireacht i dtaca le cáilíocht ag an gcéad agus ag an dara leibhéal, agus tá ról ag an Roinn, sa bhreisoideachas agus san ardoideachas, in éineacht leis an Údarás um Ard-Oideachas, Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna agus Comhairle na nDámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna. Tá torthaí ardchaighdeán foghlama rithábhachtach d'fhonn saoránacht ghníomhach, fostaíocht agus uilechuimsitheacht shóisialta a bhaint amach. Tugann meastóireacht ar chlár oideachais, measúnú agus deimhniú, forbairt foirne agus athbheithniú leanúnach ar an gcuraclam go léir tacaíocht don fheidhm seo.

Leithdháileadh acmhainní daonna agus airgeadais

Titeann raon leathan feidhmeanna ar an Roinn a bhaineann le maoiniú na hearnála oideachais. Áirítear orthu sin íocaíocht na foirne teagaisc, íocaíocht na ndéontas caipitíocht le scoileanna ag an gcéad agus ag an dara leibhéal agus riaradh sraithe de dheontais atarlaithe agus íocaíochtaí aon uaire eile. Soláthraímid maoiniú do raon leathan comhlachtaí agus seirbhísí eile, lena n-áirítear Coistí Gairmoideachais agus seirbhísí ógra agus pobalbhunaithe. Cuirtear maoiniú don earnáil ardoideachais ar fáil go díreach ón Roinn, nó tríd an Údarás um Ard-Oideachas, a mhaoinímid chun na críche sin.

Bíonn go leor le cur san áireamh maidir le leithdháileadh na múinteoirí ag an gcéad agus ag an dara leibhéal den oideachas, agus ag leibhéal breisoideachais, ó líon na ndaltaí atá ar an rolla go dtí na riachtanais speisialta i scoileanna áirithe. Tá acmhainní teagaisc ar leithligh agus tacaíochtaí eile leagtha amach do leanaí aonair nó do ghrúpaí daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Is réimse é sin a bhfuil leathnú suntasach tagtha air le blianta beaga anuas. Caithefear mórathruithe agus feabhsúcháin sna próisis leithdháilte a bhainistiú i gcomhthéacs bhunú na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus achtú an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Acu, 2004. Chomh maith leis sin cuireann an Roinn raon leathan d'fheidhmeanna caidrimh foirne agus pearsanra ar fáil ag gach leibhéal den oideachas.

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta do 2000-2006, a seoladh i mí na Samhna 1999, bhí foráil do bhreis agus €6.7 billiún (i bpraghsanna 1999) le haghaidh bearta in earnáil an oideachais. Tá níos mó ná €457 milliún tugtha amach ag Creat Tacaíochta an Chomhphobail Eorpaigh d'Éirinn ó Chistí Struchtúracha le haghaidh bearta in earnáil an oideachais, i rith na tréimhse 2000-2006.

Pleanáil agus soláthar an bhonneagair oideachais

Táimid freagrach as bonneagar oideachais riachtanach a sholáthar d'fhonn tacú le hardchaighdeán oideachais a chur ar fáil ag gach leibhéal den oideachas. Beidh ar an Roinn an riachtanas maidir le soláthar oideachais a aithint, a chainníochtú, agus a chur mar thosaíocht d'fhonn ardchaighdeán cóiríochta a bheidh éifeachtúil ó thaobh costais de a sholáthar le freastal ar an riachtanas sin. Braitheann an soláthar ar leithdháiltí caipitil a chuirfear ar fáil a bheidh inmharthana agus cuí agus laistigh de chreat ilbhliantúil.

Oideachas a Threisiú trí Chomhoibriú

Tá ról tábhachach le glacadh ag an Roinn i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta chun comhchomhairle Thuaidh/Theas agus Thoir/Thiar agus comhoibriú agus comhghníomhaíocht san oideachas a chur chun cinn, go háirithe tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas.

Glacann an Roinn páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí éagsúla an Aontais Eorpaigh (AE) i réimsí oideachais agus oiliúna, ag leibhéal forbartha beartais agus ag leibhéal bainistithe cláir araon. Tá an Roinn páirteach go gníomhach chomh maith le raon cuimsitheach gníomhaireachtaí idirnáisiúnta, ina measc sin an OECD, UNESCO, agus Comhairle na hEorpa mar aon le líon mór tíortha aonair.

Áirítear ar fheidhmeanna agus seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil:

- Raon fairsing clár agus seirbhísí a sholáthar do mhic léinn ag gach leibhéal, go háirithe do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste oideachais.
- Seirbhísí iompair scoile a mhaoiniú, lena n-áirítear seirbhís do dhaltáí a bhfuil riachtanais speisialta acu.
- Deontais tacaíochta do mhic léinn a mhaoiniú.
- Litearthacht d'Aosaigh agus oideachas pobail, cláir ghairmoideachais agus oiliúna do luathfhágálaithe scoile, do dhaoine dífhostaithe, don Lucht Siúil agus do rannpháirtithe ar chúrsí lar-Ardteistiméireachta a mhaoiniú.
- Oideachas agus cúram a sholáthar d'ógchiontóirí atá i gcóiríocht chónaithe.
- Tuarastail agus pinsin múinteoirí a íoc.
- Acmhainní foirne agus airgeadais a sholáthar do scoileanna chéad leibhéal, do scoileanna dara leibhéal agus do Choistí Gairmoideachais.
- Acmhainní foirne agus airgeadais a sholáthar d'fhorais tríú leibhéal.
- Soláthar múinteoirí oilte a chinntiú.
- Foráil d'fhorbairt ghairmiúil ionghairme múinteoirí.
- Líonra Lárionad Tacaíochta Oideachais a fhorbairt agus a mhaoiniú.
- Tacú le gníomhaíochtaí raon eagraíochtaí a bhfuil baint acu le hoideachas, oiliúint agus gníomhaíochtaí do dhaoine óga lasmuigh den scoil.
- Raon leathan seirbhísí a sholáthar don Aire, d'Airí Stáit agus do Chomhaltáí den Oireachtas in éineacht le freagraí ar cheisteanna parlaiminte agus freagraí ar chomhfhreagras, lena n-áirítear uiriolla, óraidí agus ábhar mionteagaisc.
- A bheith páirteach agus cuidiú le hobair atá á déanamh ag raon leathan de ghrúpaí oibre agus coistí ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal idirnáisiúnta.
- Faisnéis agus comhairle a chur ar fáil do scoileanna, do thuismitheoirí, do mhúinteoirí, do mhic léinn agus do dhaoine eile.

Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

I ndéanamh ár bhfeidhmeanna agus i seachadadh seirbhísí i réimse an oideachais, faighimid cuidiú ó líon gníomhaireachtaí a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne. Bíonn éagsúlachtaí ann maidir lena rólanna, maidir lena struchtúir agus maidir leis na bealaí a bhfeidhmíonn siad seo, agus tá freagrachtaí faoi leith acu i réimsí áirithe. Tá na gníomhaireachtaí sin sonraithe in Aguisín A.

Cuspóir an Ráitis Straitéise

Leagann an Ráiteas Straitéise amach príomhchuspóirí agus straitéisí eile na Roinne don tréimhse 2005-2007. Dréachtaíodh é laistigh de chreat na n-acmhainní atá ar fáil agus i gcomhthéacs bheartas an Rialtais agus ráiteas misin agus spriocanna ardleibhéil na Roinne.

Cuireann Caibidil 1 den ráiteas síos ar an timpeallacht athraitheach ina soláthraítear an t-oideachas in Éirinn sa lá atá inniu ann agus cuireann sé síos ar roinnt de na príomhdhúshláin agus na príomhthreochtaí chun freastal ar riachtanais sochaí atá eolasbhunaithe agus nuáilbhunaithe agus sochaí foghlama ar feadh an tsaoil. Déileálann Caibidilí 2-6 le gach ceann de spriocanna ardleibhéil na Roinne. Leagaimid amach ár gcuspóirí i dtaca le gach aon sprioc, na straitéisí a leanfaimid chun iad a bhaint amach agus na bealaí a ndéanfar dul chun cinn a thomhas.

Díríonn Caibidil 7 ar ár dtiomantas maidir le feabhas a chur ar sheirbhís dár gcliaint agus cuirtear síos i gCaibidil 8 ar an dóigh a gcuideoidimid chun straitéisí leathana an Rialtais a bhaint amach trí chomhoibriú le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile. I gCaibidil 9 leagtar amach na céimeanna a ghlacfaimid le haghaidh acmhainn an Rialtais a neartú d'fhonn a mhisean a chur i gcrích.

Tógann an ráiteas seo ar ár dtaithí maidir le straitéisí roimhe seo a tharraingt suas agus díríonn sé ar sheirbhísí ar ardchaighdeán a sheachadadh, ar seirbhísí iad a fhreastalaíonn ar riachtanais ár gcustaiméirí, go háirithe foghlaiméirí, arna sainaitheint trí chomhráite sa Choiste Comhairleach Bainistíochta, i gCoiste Comhpháirtíochta na Roinne, leis an bhfoireann agus trí idirghníomhú leanúnach lenár gcustaiméirí.

Monatóireacht ar an Dul Chun Cinn

Déanfaimid monatóireacht ar na cuspóirí agus na straitéisí atá sonraithe sa Ráiteas Straitéise seo le hais soláthar aschur gaolmhar ar bhonn na dtáscairí feidhmíochta a léirítear. Tarlóidh an mhonatóireacht seo ag roinnt leibhéal laistigh den Roinn.

Dréachtóidh gach ceann d'aonaid ghnó na Roinne Plean Bliantúil Gnó sonraithe a bheidh deartha chun na cuspóirí agus na straitéisí atá léirithe sa Ráiteas Misin a sheachadadh. Éascóidh an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS), ansin, aon ghnóthachtáil spriocanna pearsanta agus gnó a ghnóthaíonn aon duine den fhoireann. Sa dóigh seo, beidh gach páirt den eagraíocht ag obair d'fhonn misean na Roinne a bhaint amach.

Déanfar athbhreithniú rialta ar spriocanna pearsanta, chomh maith leis na Pleananna Gnó a bhaineann le réimsí ghníomhaíochta ar leith. Déanfar na hathbhreithnithe seo d'fhonn an leibhéal dul chun cinn atá á dhéanamh ag leibhéal aonaid ghnó maidir leis na cuspóirí agus straitéisí atá léirithe sa Ráiteas Straitéise a léiriú. In éineacht leis sin, beidh ról ag Coiste Comhpháirtíochta na Roinne i monatóireacht ar an dul chun cinn.

Ag leibhéal bainistíochta sinsearaí, déanfaidh an Coiste Comhairleach Bainistíochta tuairisciú rialta ar an dul chun cinn agus cuideoidh sé leis an athbhreithniú a dhéanann an tAire faoi dhó sa bhliain ar chur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise roimh na gcruinnithe déthaobhacha leis an Taoiseach.

Tabharfaidh an Roinn tuarascáil bhiantúil maidir le dul chun cinn don Aire ina ndéanfar cur síos ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise, de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Chomh maith le réimsí dul chun cinn a léiriú, leagfaidh an tuarascáil amach na cúiseanna nach ndearnadh aschuir a thabhairt i gcrích nó deacrachtaí ar leithligh a tháinig chun cinn. Tabharfaidh sé chun suntais freisin imthosca athraitheacha agus ceisteanna a thagann chun cinn agus, más gá, déanfar an Ráiteas Straitéise a athleasú nó a chur in oiriúint má tharlaíonn forbairtí den sórt sin.

CAIBIDIL 1

Timpeallacht atá ag
Athrú don Oideachas

RÁITEAS
STRAITÉISE
2005 ► 2007

TIMPEALLAUGHT EACNAMAÍOCHT AGUS SHÓISIALTA

Aithnítear agus glactar leis go bhfuil an t-oideachas thar a bheith tábhachtach chun borradh a chur faoi rath eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta sa tsochaí nua-aimseartha. Is mó a aithnítear anois, go háirithe san Aontas Eorpach, go bhfuil soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán rithábhachtach chun geilleagar ardscoilanna, a bheidh eolasbhunaithe agus nuáilbhunaithe, a chruthú a bheidh mar bhonn taca do rathúnas leanúnach agus inmharthana. Tá oideachas agus oiliúint thar a bheith tábhachtach freisin chun an cuspóir sochaí uilechuimsitheach a bhaint amach ina bhfaigheann gach saoránach an deis agus an spreagadh páirt iomlán a ghlacadh i saol sóisialta agus eacnamaíoch na tíre.

Tá forbairt ar ardchaighdeán agus uilechuimsitheacht san oideachas lárnach dár rath eacnamaíoch agus sóisialta sa todhchaí. Caithfear féachaint air sin mar chuid de straitéis chun tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus é mar aidhm leis scileanna agus eolas a fheabhsú agus comhlíonadh pearsanta a spreagadh. D'fhonn na cuspóirí agus na spriocanna sin a bhaint amach, beidh orainn rochtain, forchéimniú agus críochnú a chinntiú agus ardchaighdeán a bhaint amach do gach foghlaiméoir, beag beann ar an gcúlra a bhíonn aige nó aici.

12

AG TACÚ LE BEARTAS AN RIALTAIS

Is príomhthosaíocht é an t-oideachas don Rialtas. Dréachtaíodh an Ráiteas Straitéise seo ag cur cuspóirí oideachais bheartas an Rialtais san áireamh mar atá leagtha amach sa Chlár Comhaontaithe don Rialtas a tugadh chun críche i mí an Mheithimh 2002.

Chomh maith leis sin, tá na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sa cháipéis seo deartha ar bhealach a chuideoidh le raon beartas a d'fhorbair an Rialtas chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a mbaineann tábhacht náisiúnta straitéiseach leo. Áirítear orthu sin, An Plan Forbartha Náisiúnta, 2000-2006, *Ag Coinneáil an Dul Cúin Cinn*, An Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine, An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh Bochtaine agus Eisiámh Sóisialta 2003-05, An Straitéis Náisiúnta Leanáí, An Straitéis Náisiúnta Sláinte, Straitéis na Sochaí Faisnéise, an Straitéis Spásúil Náisiúnta agus Straitéis na hÁise 1999 – 2009. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine agus beidh feidhm le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh Bochtaine agus Eisiámh Sóisialta i 2006. Soláthraíonn an tAontas Eorpach comhthéacs polasaí breise, go háirithe Straitéis Liospóin a fhéachann leis an Aontas Eorpach a bheith ar an eacnamaíocht eolasbhunaithe is fuinniúla agus is iomaíche ar domhan faoi 2010, a mbeidh fás eacnamaíoch inbhuanaithe ar a chumas le níos mó post agus poist níos fearr agus comhtháthú sóisialta níos mó". Tá clár oibre comhaontaithe ag Airí Oideachais an AE chun cuspóir Liospóin a bhaint amach i réimsí oideachais agus oiliúna. Tugtar treoirínte polasaí gaolmhara do Bhallstáit i ndearbhuithe Chóbanhávan agus Bologna maidir le gairmoideachas agus ardoideachas faoi seach, chomh maith le Rún ó Chomhairle an AE ar Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil.

D'fhonn na straitéisí seo a chur i bhfeidhm ní mór ionchur agus tacaíocht a fháil ó raon Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí. Bunaíodh roinnt struchtúr idir-rannacha chun cur chuige comhordaithe i leith seachadadh na straitéisí seo a chinntiú. Cuidíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le feidhmiú bheartas an Rialtais tríd an mbaint atá aici leis an struchtúr sin agus i seachadadh na bpríomhsheirbhísí. Tá cuidiú na Roinne ina leith sin sonraithe ar fud an Ráitis Straitéise agus, go háirithe, i gCaibidil 8.

AG FREASTAL AR DHÚSHLÁN AN ATHRAITHE SAN OIDEACHAS

Ag féachaint amach romhainn, beidh gá le hoiriúnú leanúnach agus athnuachan soláthair don oideachas agus do struchtúir oideachais mar gheall ar líon mór dúshlán agus treochtaí in Éirinn agus in áiteanna eile. Áireofar ar na dúshláin agus na treochtaí sin:

Rólanna pearsanta agus sóisialta na foghlama

- Ról an oideachais agus na foghlama d'fhonn na luachanna caoinfhulaingt, rannpháirtíocht chathartha agus comhtháthú sóisialta, comh maith le spriocanna pearsanta, spioradálta agus eacnamaíochta, a spreagadh.
- Tuilleadh feasachta ar thábhacht na dteaghlach agus na bpobal chun spreagadh agus an timpeallacht cheart maidir le foghlaim éifeachtach a chur ar fáil.
- Tuilleadh feasachta ar cheisteanna cothromaíochta agus uilechuimsitheachta agus, go háirithe, ar an míbhuntaiste oideachais.
- Freastal ar riachtanais éagsúla oideachais sochaí atá ag éirí níos ilchultúrtha.
- Béim mhéadaithe ar riachtanais foghlama an duine aonair, chomh maith le luachanna féin-chur in iúl agus cearta agus freagrachtaí an duine aonair.
- Méaduithe ar choinneáil ag dara leibhéal i bhfianaise spriocanna NAPS

13

Tacú le sochaí atá eolasbhunaithe agus nuáilbhunaithe agus le foghlaim ar feadh an tsaol

- Béim mhéadaithe ar raon i bhfad níos leithne inniúlachtaí agus cáilíochtaí pearsanta go háirithe solúbthacht, obair fhoirne agus cumarsáid i dtimpeallacht shóisialta agus eacnamaíoch atá ag athrú go tapaídh.
- Féinmheastóireacht agus meastóireacht sheachtrach scoileanna a fhorbairt agus a fheidhmiú ionas go bhfeabhsófar caighdeán i scoileanna.
- Curaclam na scoile a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí.
- Oideachas luathóige ar ardchaighdeán a fhorbairt.
- An spreagadh le haghaidh foghlama a sholáthar agus “ag foghlaim le foghlaim” ag gach céim den oideachas agus i ndiaidh thréimhse na scoile.
- An gá práinneach le hinfheistiú a dhéanamh in eolaíocht agus taighde chun tacú le sochaí eolasbhunaithe agus nuáilbhunaithe, atá riachtanach dár n-iomaíocht agus dár rathúnas leanúnach eacnamaíoch.
- Rogha agus solúbthacht níos mó i ndeiseanna agus conairí foghlama.
- Deiseanna nua don fhoghlaim ag gach leibhéal trí fhorbairtí i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

Imthosca sóisialta, eacnamaíocha agus margaidh saothair atá ag athrú

- Freastal ar riachtanais gheilleagair agus sochaí nua-aimseartha trí sheirbhísí poiblí atá níos freagraí, níos solúbtha agus níos nuálaí.
- Éileamh ar raon leathan scileanna ag gach leibhéal, go háirithe scileanna i réimsí fáis ar nós teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus san earnáil seirbhísí.
- Níos mó ban san fhórsa saothair, a éileoidh freagairtí oiliúna difriúla, solúbthacht mhéadaithe jabanna, cúram leanaí agus deiseanna oideachais.

Tionchar an athraithe déimeagrafaigh

- Léiríonn méadú ar an líon daltaí atá ar na rolaí sa leibhéal bunoidreachais arduithe leanúnacha agus comhsheasmhacha i mbreitheanna ó lár na 1990idí.
- Glanimirce leanúnach isteach
- An brú maidir le soláthar scoileanna i gceantair atá ag fás go tapaidh agus níos mó cúraim faoi chothromaíocht réigiúnach, go háirithe i gcomhthéacs Straitéis Spásúil Náisiúnta an Rialtais.
- Éileamh méadaithe ar áiteanna Tríú Leibhéal chomh maith le glacadh le mic léinn pháirtaimseartha, aibí agus ón gcoigríoch.

Timpeallacht teagaisc atá ag athrú

- Athruithe i mbealaí chun oideachas a chur ar fáil, lena n-áirítear athruithe i gcleachtais agus i ngairm an teagaisc d'fhonn ré faisnéise an lae inniu a léiriú.
- Is lú atá ról na múinteoirí dírithe ar sholáthar eolais agus is mó a bhaineann sé le scileanna foghlama a mhúineadh
- Tá gá le hoiliúint, tacaíocht agus forbairt leanúnach i dtimpeallacht atá ag athrú.

Imthosca agus éilimh dhlíthiúla atá ag athrú

- Creat reachtaíochta forásach maidir le seachadadh oideachais in Éirinn.
- Feasacht mhéadaithe ar chearta agus ar fhreagrachtaí dlíthiúla gach duine atá páirteach san oideachas.
- An gá atá le hoibriú i dtreo chomhbheartas ar ábhair atá aitheanta do chomhoibriú faoin gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas chomh maith le méadú ar chomhoibriú ag leibhéal na hEorpa.

Nádúr na bhfreagraí ón Rialtas maidir le ceisteanna tras-rannacha

- Níos mó aitheantais go bhfuil gá le freagra comhordaithe ó Ranna Rialtais nó ó ghníomhaireachtaí ar a lán saincheistanna lena mbaineann tábhacht náisiúnta.

Comhthéacs comhoibrithe níos leithne

- Feasacht níos mó ar éagsúlacht chultúrtha agus ar ról chultúr na hÉireann agus ról cultúir agus teangacha eile chun céannacht i gcomhthéacs Eorpach agus idirnáisiúnta a chur chun cinn.
- Níos mó gluaiseachta pearsanta agus aistriú smaointe, eolais agus seirbhísí oideachais thar theorainneacha Stáit.
- Daonra mór inimirceach agus eisimirceach atá ag filleadh, ag cur deiseanna ar fáil d'éagsúlacht agus do shaibhriú níos mó san oideachas agus an gá atá le foráil do riachtanais shainiúla na ngrúpaí sin.
- Comhoibriú méadaithe ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, go háirithe i gcomhthéacs “cuspóirí coincréiteacha do chórais oideachais agus oiliúna sa todhchaí”.
- Cainteanna Thuaidh/Theas agus idir an Bhreatain agus Éire agus comhoibriú oideachais i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta a threisiú.

FACHTÓIRÍ TÁBHACHTACHA RATHÚLACHTA

Tá baint amach na spriocanna agus feidhmiú rathúil na straitéisí atá curtha i láthair sa Ráiteas seo ag brath ar roinnt fachtóirí tábhachtacha rathúlachta, atá leagtha amach thíos. Go háirithe, tá fáil na n-acmhainní, cumas ár n-eagraíochta maidir le seachadadh agus timpeallacht chomhoibrithe i measc daoine atá páirteach san oideachas ina ngnéithe riachtanacha chun oideachais ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách.

Acmhainní

Éilíonn rathúlacht i dtabhairt i gcrích mhisean na Roinne leibhéal d'acmhainní airgeadais agus daonna a fhreagróidh do scála agus do chastacht chórais oideachais atá ag athrú. Go háirithe, is fachtóir lárnach maidir le rathúlacht an chórais go dtí seo é tiomantas na múinteoirí agus foirne eile córas oideachais den chéad scoth a chur ar fáil, beidh sé riachtanach i gcónaí amach anseo.

Is léir gur fachtóir lárnach rathúlachta é fáil a bheith ar leibhéal sásúil d'acmhainní airgeadais chun na seirbhísí atá ann anois agus na seirbhísí a bheidh de dhíth amch anseo a sheachadadh ionas go gcomhlíonfar misean na Roinne. Cuirfidh forbairt próiseas nua taighde agus meastóireachta maille le córais rialaithe airgid agus bainistíochta ar ár gcumas acmhainní atá ann cheana a rialú agus a bhainistiú níos fearr agus tosaíocht a thabhairt do mhaoiniú chun freastal ar na reimsí is mó a bhfuil riachtanais ag baint leo. Déanann an Clár Comhaontaithe don Rialtas ó Mheitheamh 2002 cur síos ar roinnt réimsí san earnáil oideachais atá spriocdhírthe chun forbairt a dhéanamh orthu. Cuirtear béim ar thosaíochtaí infheistithe sa mheántearma sa Phlean Forbartha Náisiúnta, a shainaithníonn oideachas mar thosaíocht. Cuireann *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn* béim ar thábhacht an oideachais chun aghaidh a thabhairt ar roinnt ceisteanna sóisialta agus eacnamaíocha.

15

Acmhainn Eagraíochta

Mar Roinn, táimid go maith chun cinn ar fheidhmiú chlár forleathan athstruchtúrtha agus claochlaithe. Le bunú an Choimisiúin um Scrúduithe Stáit, cruthú Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus líonra oifigí Réigiúnacha is fearr a bheidh an Roinn i riocht díriú isteach ar a croífhéidhmeanna. Leanfaidh an clár athchóirithe seo amach sa todhchaí, agus déanfar ailíniú leanúnach ar phróisis ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal agus tabharfar isteach teicneolaíocht ghréasánbhunaithe chun teacht in áit ár gcórais thraidisiúnta pháipéarbhunaithe.

Comhpháirtíocht

Mar gheall ar a gcearta agus a bhfreagracháí reachtúla, dlíthiúla agus morálta bíonn na comhpháirithe san oideachas (tuismitheoirí, múinteoirí, pátrúin/ iontaobhaithe/ gobharnóirí, comhlachtaí bainistíochta, an pobal agus an Stát) rannpháirteach i bhforbairt beartais agus i soláthar seirbhísí oideachais araon. Tá a rannpháirtíocht leanúnach ag gach leibhéal – sa Roinn agus ar fud na hearnála – riachtanach chun riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus dul chun cinn oideachais in Éirinn a chomhlíonadh. Go háirithe, tá páirteachas na gcomhpháirtithe oideachais agus ghrúpaí agus daoine aonair eile, ar nós na gcomhpháirtithe sóisialta, i bhforbairt chur chuige comhpháirtíochta leis an Roinn agus le comhlachtaí gaolmhara fíorthábhachtach chun ár bpríomhspríocanna agus ár bpríomhchuspóirí a bhaint amach.

Spreagann an Roinn comhpháirtíocht i bhforbairt beartas ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal idirnáisiúnta. Tugann bonn reachtúil don choincheap sin san Acht Oideachais, 1998. Is trí fhíor-chomhpháirtíocht a dhéantar forbairt agus feidhmiú bheartas oideachais a neartú agus ina ndéantar tiomantas na bpáirtithe leasmhara san earnáil oideachais a dheimhniú.

Ar bhonn níos ginearálta, chomh maith leis an gcaidreamh leasmhar frithpháirteach Thuaidh/Theas agus Thoir-Thiar atá mar bhonn taca do Chomhaontú Aoine an Chéasta, méadaíonn an tábhacht atá le hoideachas agus oiliúint ar chlár oibre an Aontais Eorpaigh agus an comhoibriú méadaithe le húdaraí agus forais lasmuigh den Stát acmhainn oideachais na hÉireann i maoiniú, eolas agus nuáil agus cuidíonn sé le cuspóir na hÉireann aitheantas a fháil mar ionad do scoth an oideachais.

CAIBIDIL 2

Ag Freastal ar Riachtanais an Duine Aonair

SPRIOC ARDLEIBHÉIL 1

Cuirfimid oideachas ar fáil a oireann do riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha an duine aonair.

RÁITEAS
STRAITÉISE
2005 ► 2007

CUSPÓIR 1.1

Tabharfaimid tacaíocht d’fhorbairt agus de sholáthar oideachais luathóige ar ardchaighdeán ag teacht leis an straitéis atá leagtha amach sa Pháipéar Bán ar Oideachas Luathóige, “*Réidh le Foghlaim*”.

Leagann an Páipéar Bán ar Oideachas Luath-Óige “*Réidh le Foghlaim*” straitéis chuimsitheach amach d’fhorbairt oideachais luathóige do gach leanbh suas go dtí sé bliana d’aois agus díróinn sé go háirithe ar leanaí faoi mhíbhuntáiste agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Caithfidh gníomh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta sa réimse seo gníomhartha na Ranna Rialtais agus na ngníomhaireachtaí iomchuí eile a chomhlánú agus bíonn ionadaíocht ag an Roinn ar Ghrúpa Ard-Leibhéal atá bunaithe ag an gCoiste Comh-Aireachta ar Leanaí chun beartas ar chúram leanaí agus luathoideachas a bhreithniú.

18

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Forbairt beartas agus chlár chomhordaithe i gcomhairle leis an Ionad d’Fhorbairt agus Oideachas Luath-Óige agus na páirtithe leasmhara éagsúla san earnáil	<ul style="list-style-type: none"> • Creat cáilíochta náisiúnta d’Oideachas Luath-Óige a bhunú lena n-áirítear réim maidir le dearbhú cáilíochta • Páirteach in obair an Ghrúpa Ard-Leibhéal ar chúram sláinte agus luathoideachas • Tacú maidir le soláthar réamhscoile do leanaí faoi mhíbhuntáiste oideachais agus do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu 	<ul style="list-style-type: none"> • Creat cáilíochta náisiúnta a fhoilsiú • Tuairisciú chuig an gCoiste Comh-Aireachta ar Leanaí • Líon na leanaí faoi mhíbhuntáiste/a bhfuil riachtanais speisialta acu a fhaigheann sochar as réamhscolaíocht Státmhaoinithe • An líon soláthróirí a chlíonn leis an gcreat cáilíochta.

CUSPÓIR 1.2

Cuirfimid ar chumas scoileanna ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal ardchaighdeán oideachais a sheachadadh trí raon cuimsitheach soláthair a chur ar fáil, lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais, foirne agus cuaraclaim.

Tugann an Roinn tacaíocht agus cuidiú do bhunscoileanna agus do scoileanna dara leibhéal agus do Choistí Gairmoideachais. Chomh maith le haghaidh a thabhairt ar éilimh ar acmhainní teagaisc agus airgeadais agus tacaíochtaí curaclaim agus eile, cuirimid feabhsúcháin i struchtúir eagrúcháin chun cinn mar aon le seachadadh éifeachtach ar sheirbhísí oideachais. Cuirimid clár leanúnach oiliúna inseirbhíse agus forbairt ghairmiúil ar fáil freisin do mhúinteoirí agus do pháirtithe leasmhara eile san oideachas. Léiríonn an cuspóir sin ár dtiomantas do phróiseas “*cuspóirí coinchréiteacha do chórais oideachais agus oiliúna sa todhchaí*” de chuid an AE. Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais atá leagtha amach sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas, Ag Coinneáil an Dul chun Cinn**, i **NAPS**, sa **Straitéis Náisiúnta Leanaí**, sa **NDP** agus i **Forbairt na hÉireann a Dhéanamh Inbhuanaithe**.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Múinteoirí a leithdháileadh ar scoileanna agus ar Choistí Gairmoideachais ar bhealach atá cothrom, trédhearcach agus éifeachtach agus méid na ranganna a laghdú ag teacht le tiomantais an Rialtais de réir mar is féidir le hacmhainní	<ul style="list-style-type: none"> • Acmhainní teagaisc curtha ar fáil • Rialacháin soiléire agus follasacha ann mar bhonn taca don phróiseas leithdháilte • Córas éifeachtach oibríochta agus achomharc mar aon leis an líon achomharc a phróiseáiltear 	<ul style="list-style-type: none"> • Leithdháiltí chuig scoileanna faoi dhátaí dlite • Próiseas achomhairc feidhmiúil ann chun aghaidh a thabhairt ar chasaidí scoile • Feabhas ar fhoirniú i scoileanna
Scoileanna agus Coistí Gairmoideachais a mhaoiniú ar bhealach éifeachtach, cothrom agus trédhearcach	<ul style="list-style-type: none"> • Acmhainní airgeadais curtha ar fáil ag an gcórad leibhéal agus ag an dara leibhéal • Feidhmiú de réir a chéile ar chothromú comhshocruithe maoinithe ag an dara leibhéal 	<ul style="list-style-type: none"> • Tacaíocht airgeadais a íoc go tráthúil agus go héifeachtach faoi na dátaí dlite • Dul chun cinn maidir le difríochtaí a bhaint as comhshocruithe maoinithe d'earnálacha difriúla ag an dara leibhéal
Curaclaim agus siollabais a sholáthar i gcomhar leis an NCCA, a oireann do riachtanais oideachais daltaí ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal	<ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú ar churaclam na bunscoile agus ar shiollabais an dara leibhéal atá á dteagasc 	<ul style="list-style-type: none"> • Feidhmiú de réir a chéile ar churaclam na bunscoile • Feidhmiú de réir a chéile ar shiollabais athbhreithnithe ag an dara leibhéal • Dul chun cinn ar athchóiriú na sraithe sinsearaí ar aon dul leis na riachtanais atá ag teacht chun cinn
Tacú le Tástáil Litearthachta i scoileanna chun cabhrú le múinteoirí ina gcuid oibre.	<ul style="list-style-type: none"> • Tuairiscíú chuig an NCCA ar Thástáil Chaighdeánach • Tacaíocht do scoileanna leis an tástáil 	<ul style="list-style-type: none"> • Tástáil litearthachta i scoileanna.
Clár athchóirithe struchtúraigh de chórais seachadta oiliúna inseirbhíse a bhunú agus a chur chun cinn, le haird ar thorthaí athbhreithniú na Lárionad Oideachais	<ul style="list-style-type: none"> • Seachdadh na seirbhísí áitiúla a mheadú trí líonra na Lárionad Oideachais • Méadú foriomlán ar chaighdeán soláthair • Laghdú ar chur isteach ar an scoilbhliain 	<ul style="list-style-type: none"> • Méadú ar an leibhéal éifeachtúlachta maidir le soláthar trí Lárionad Oideachais • Aiseolas ar chaighdeán agus ar chomhtháthú seachadta • Torthaí meastóireachtaí • Leibhéal laghdaithe i gcur isteach ar an scoilbhliain
Foráil do sheirbhís phárola chuimsitheach, éifeachtach, éifeachtúil agus ar ardchaighdeán a sheachadadh don fhoireann teagaisc lánaimseartha agus pháirtaimseartha agus don fhoireann neamhtheagaisc i scoileanna chéad leibhéal agus dara leibhéal mar aon le múinteoirí scortha laistigh de pharaiméadair airgeadais chomhaontaithe.	<ul style="list-style-type: none"> • Íocaíochtaí tuarastail do mhúinteoirí atá ag fónamh agus don fhoireann neamhtheagaisc atá ar phárolaí na Roinne a dhéanamh ar bhonn coicisiúil • Pinsean íochta le múinteoirí scortha gach coicís. 	<ul style="list-style-type: none"> • Íocaíochtaí a eisiúint go tráthúil agus go cruinn. • Aiseolas fabhrach ar chaighdeán agus ar chomhtháthú seachadta. • An Reachtaíocht iomchuí a chomhlíonadh. • Caighdeán agus cruinneas na faisnéise a thugtar.
Raon feidhmeanna pearsanta do Chúntóirí Riachtanais Speisialta a chomhordú agus a riaradh.	<ul style="list-style-type: none"> • Feidhmítear coinníollacha seirbhíse de réir mar atá comhaontaithe leis na comhpháirithe san oideachas. 	<ul style="list-style-type: none"> • Tá na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar eolas ag gach Cúntóir Riachtanais Speisialta
Creatáí cuí reachtaíochta, airgeadais agus cuntasachta a sholáthar don earnáil bunoidreachais agus don earnáil iar-bhunoideachais	<ul style="list-style-type: none"> • Rialacháin cothrom le dáta a rialaíonn nithe airgeadais agus rialála a dhéanann difear do na Coistí Gairmoideachais a fhógairt • Tosach feidhme na n-alt atá fágtha den Acht Gairmoideachais (Leasú) 2001 	<ul style="list-style-type: none"> • Tosach feidhme gach alt den Acht Gairmoideachais (Leasú), 2001 • Creatáí airgeadais caideánaithe i bhfeidhm • Struchtúir iniúchta cuí i bhfeidhm ar bhonn céimnithe

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Seirbhís iompair scoile a chur ar fáil i gcomhar le Bus Éireann	<ul style="list-style-type: none"> • Leanaí a iompar go sábháilte chun na scoile agus ar ais ón scoil 	<ul style="list-style-type: none"> • Córas iompair shábháilte éifeachtach ag feidhmiú i gcomhar le Bus Éireann laistigh de na hacmhainní atá ar fáil • An méid a dtagann soláthar agus incháilitheacht le chéile • Na deontais go léir eisithe de réir an sceidil
Córas achomharc a oibriú do mhic léinn/tuismitheoirí i ndáil le hiompar scoile	<ul style="list-style-type: none"> • Réiteach ar ghearáin agus próiseáil achomharc 	<ul style="list-style-type: none"> • Athchomhairc a thabhairt chun críche agus cinntí a fheidhmiú
Córas achomharc a oibriú do mhic léinn/tuismitheoirí i ndáil le saincheistanna a bhaineann le rollú, fionraí agus díbirt	<ul style="list-style-type: none"> • Réiteach ar ghearáin agus achomhairc a riaradh 	<ul style="list-style-type: none"> • Próiseas achomharc a bhforáiltear dó faoi Alt 29 den Acht Oideachais a thabhairt chun críche mar aon le gníomhartha riachtanacha iardain
Raon clár oideachais agus forbartha múinteora a sholáthar a réimseoidh an leanúnachas ón tús go dtí an t-insealbhú mar aon le hoideachas agus forbairt inseirbhíse múinteora a chlúdaíonn athrú curaclaim agus réimsí sainiúla a bhaineann le múineadh agus foghlaim ag an earnáil bhunoideachais, ag an earnáil iarbhunoideachais agus ag an earnáil bhreiseoideachais.	<ul style="list-style-type: none"> • Líon dóthanach áiteanna múinteoireachta ardchaighdeán don earnáil bunoidheachais agus don earnáil iar-bhunoideachais • Raon clár ábhartha chun tacú le hoideachas agus forbairt múinteora agus aird ar: <ul style="list-style-type: none"> - athchóiriú leanúnach struchtúrach - An Chomhairle Mhúinteoireachta - Forbairtí Idirnáisiúnta - Tosaíochtaí náisiúnta agus áitiúla - Meastóireacht agus athbhreithniú leanúnach 	<ul style="list-style-type: none"> • Feidhmiú rathúil ar shlí éifeachtach agus éifeachtúil i ndáil le hathrú curaclaim agus réimsí sainiúla a bhaineann le múineadh agus foghlaim • Foirne oiliúna cláir náisiúnta/seirbhíse tacaíochta bunaithe go maith roimh scoilbhliain 2005/06 • Socruithe feabhsaithe bhainistiú airgeadais agus oibríochta chun seachadadh seirbhíse a chinntiú ar an tslí is éifeachtaí agus is éifeachtúla • Meastacháin agus athbhreithnithe ar chláir náisiúnta/seirbhíse tacaíochta • An cur isteach ar scoileanna a íoslghdú agus fós seirbhíse oideachais agus forbartha múinteora ábhartha agus ar ardchaighdeán a sholáthar chun cabhrú le múineadh agus foghlaim
Clár leanúnach d'athchóiriú struchtúrach ar na córais seachadta oiliúna inseirbhíse le fócas ar leith ar na Lárionaid Oideachais	<ul style="list-style-type: none"> • Seachdadh na seirbhíse a mheadú trí Líonra na Lámionad Oideachais • Bainistiú airgeadais agus oibríochta feabhsaithe ar na Lárionaid Oideachais • Faisnéis feabhsaithe ar sheirbhíse a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí, Táscairí Feidhmíochta san áireamh 	<ul style="list-style-type: none"> • Páirteachas méadaithe na múinteoirí go léir i gcúrsaí tosaíochta CPD • Socruithe feabhsaithe bhainistiú airgeadais agus oibríochta chun seachadadh seirbhíse a chinntiú ar an tslí is éifeachtaí agus is éifeachtúla • Aiseolas ar chaighdeán agus ar chomhtháthú
Líon dóthanach múinteoirí dea-oilte nuacháilithe a chur ar fáil trí na Coláistí Oideachais agus trí Ranna Oideachais na nOllscoileanna/na gColáistí don earnáil bhunoideachais, don earnáil iar-bhunoideachais agus don earnáil bhreiseoideachais.	<ul style="list-style-type: none"> • An líon is fearr de mhúinteoirí nuacháilithe agus oilte go cuí • Bainistiú éifeachtach agus éifeachtúil ar acmhainní airgeadais agus foirne • Leasú ar chúrsaí oiliúna mhúinteoireachta chun tabhairt faoi riachtanais an todcháil 	<ul style="list-style-type: none"> • An líon múinteoirí nuacháilithe a bhíonn ag freastal ar éilimh ar fud na hearnála bunoidheachais, na hearnála iar-bhunoideachais agus na hearnála breisoideachais • Caighdeán na múinteoirí nuacháilithe

CUSPÓIR 1.3

Forálfaimid do raon tacaíochtaí agus seirbhísí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus cabhróimid leo a lán-acmhainn a bhaint amach.

Leanfaidh an Roinn de bheith ag feabhsú seirbhísí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Feabhsóimid seachadadh seirbhísí tríd an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Cuirfimid bonn taca le soláthar trí fheidhmiú an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Acu, 2004 agus trí bheartas riachtanas speisialta a fhorbairt. Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais atá leagtha amach sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas, Ag Coinneáil an Dul chun Cinn**, i **NAPS**, sa **Straitéis Náisiúnta Leanáí**, sa **NDP** agus sa **Straitéis Náisiúnta Sláinte**.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Leanúnachas de sheirbhísí tacaíochta speisialta a fhorbairt, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, ar fud an speictrim riachtanais speisialta ag teacht leis an sárchleachtas idirnáisiúnta	<ul style="list-style-type: none"> Soláthar agus forbairt ar sheirbhísí tacaíochta speisialta do phaistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i suíomh lánpháirtithe, i ranganna/aonaid speisialta agus i scoileanna speisialta Múinteoirí tacaíochta foghlama, múinteoirí acmhainne agus cúntóirí riachtanais speisialta a sholáthar Seirbhís múinteora cuairte a imlonnú Ábhair agus trealamh speisialta a sholáthar 	<ul style="list-style-type: none"> An líon leanaí agus daoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta acu agus dá bhfuil soláthar cuí déanta An líon múinteoirí tacaíochta foghlama, múinteoirí acmhainne agus cúntóirí riachtanais speisialta a bhíonn imlonnaithe go cuí i scoileanna An líon daltaí a fhaigheann soláthar cuí An líon daltaí a fhaigheann leithdháileadh cuí trealaimh
Tacaíocht don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ina oibríochtaí trí na feidhmeanna agus an tríd an gcomhoibriú i bhforbairt a seirbhísí a aistriú go héifeachtach	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhís oideachais speisialta ceantarbhunaithe a bheidh ar fáil agus ag freagairt do thuimitheoirí agus d'úsáideoirí seirbhíse ag an leibhéal áitiúil Acmhainneacht mhéadaithe laistigh den Roinn chun díriú ar chroícheisteanna beartais a bhaineann le riachtanais speisialta 	<ul style="list-style-type: none"> Tús le hoibríochtaí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i mí Eanáir 2005 agus aistriú feidhmeanna a bheidh tugtha chun críche ar bhun céimithe.
Creat reachtúil cuimsitheach a sholáthar chun seirbhísí oideachais speisialta a thabhairt i gcrích	<ul style="list-style-type: none"> Tosach feidhme agus dul chun cinn ar fheidhmiú an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu, 2004 i gcomhthéacs phlean feidhmiúcháin a tharraingeoidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta suas. 	<ul style="list-style-type: none"> An líon alt den Acht a mbeidh tosach feidhme leo
Leathadh amach na seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais a thabhairt chun críche agus ar an tslí sin seirbhís síceolaíochta oideachais ar ardchaighdeán cliantlárnaithe a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhís síceolaíochta oideachais ar fáil do scoileanna tré NEPS agus an scéim le haghaidh coimisiúnú measúnaithe síceolaíochta 	<ul style="list-style-type: none"> An líon daltaí dá bhfuil seirbhís síceolaíochta oideachais ar fáil

CUSPÓIR 1.4

Forálfaimid d'oibriú éifeachtach na Scrúduithe Teistiméireachta Stáit

Tá an Roinn tiomanta maidir le feabhsú leanúnach ar oibriú na scrúduithe teistiméireachta, a bhfuil fócas ar spriocanna beartais agus ar chuspóirí oideachais mar bhonn taca leis agus a bhíonn faisnéisithe ag an sárchleachtas idirnáisiúnta. Ina leith sin, oibríonn an Roinn go dlúth leis an gCoimisiún um Scrúduithe Stáit agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

22

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Athbhreithniú a dhéanamh ar chláir agus ar nósanna imeachta measúnaithe sna scrúduithe teistiméireachta d'fhonn cur chuige measúnaithe atá ábhartha, cothrom agus cothromasach agus a léiríonn raon iomlán foghlama na mac léinn a chinntiú	<ul style="list-style-type: none">Athchóirithe cuí curaclaim agus measúnaithe a aithint agus a chur i bhfeidhmCothabháil a dhéanamh ar cháilíocht agus sláine na Scrúduithe Teistiméireachta i gcomhthéacs na spriocanna náisiúnta oideachais agus na gcaighdeán idirnáisiúnta	<ul style="list-style-type: none">Comhráite le comhpháirtithe san oideachas i bhfianaise pháipéir díospóireachta agus phróisis chomhairliúcháin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.Mar a dhéanann na mic léinn i measúnuithe idirnáisiúntaAitheantas tugtha don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht (ag cur san áireamh JCSP, LCVP agus LCA) i gcomhair fostaíochta agus rochtana ar bhreiseoideachas agus ardoideachas.

CAIBIDIL 3

Ag Tacú le Sochaí Uilechuimsitheach

SPRIOC ARDLEIBHÉIL 2

Tacóimid, tríd an oideachas, le sochaí uilechuimsitheach shóisialta agus le comhionannas deiseanna do gach duine.

RÁITEAS
STRAITÉISE
2005 ► 2007

CUSPÓIR 2.1

Cuideoidimid, trí oideachas, le Beartas Uilechuimsitheachta Sóisialta an Rialtais a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt agus leanfaimid ar aghaidh ag cur clár tacaíochta saindírithe ar fáil do leanaí faoi mhíbhuntáiste oideachais agus do leanaí atá i mbaol a bheith faoi mhíbhuntáiste oideachais agus do leanaí atá i mbaol luathfhágála scoile, agus déanfaimid na cláir sin a athbhreithniú.

Bainfidh an Roinn an cuspóir sin amach trí straitéisí (lena n-áirítear freagraí tras-earnálacha) a chothú agus a fhorbairt chun míbhuntáiste oideachais a chomhrac ag gach leibhéal sa chóras oideachais, san earnáil fhoirmiúil agus san earnáil neamhfoirmiúil. Tá freagracht dhíreach ar an Roinn maidir le raon clár i ndáil le míbhuntáiste oideachais ag an leibhéal bunoidreachais agus ag an dara leibhéal araon a bhainistiú, a acmhainniú agus a sheachadadh. Táimid freagrach chomh maith as soláthar cónaitheach agus oideachais sna cúig ionad cónaitheach do leanaí faoi 16 atá ciontaithe nó curtha ar athchur ag cúirt agus táimid freagrach as seirbhísí oideachais do leanaí i mbaol. Soláthraíonn an tAcht Oideachais (Leas), 2000, creat cuimsitheach d'fhonn gnáth-thinreamh scoile a chur chun cinn agus chun déileáil le fadhbanna neamhláithreachta agus luathfhágála scoile. Léiríonn an cuspóir sin ár dtiomantas do Phróiseas Cuspóirí don Todhchaí an AE i gcomhthéacs Chlár Oibre Liospóin. Tacaíonn an cuspóir sin freisin le bearta beartais an Rialtais atá leagtha amach sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas, Ag Coinneáil an Dul chun Cinn**, sa Phlean Gníomhaireachta Náisiúnta in aghaidh Bochtaine agus Eisialmh Sóisialta, sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Fostaíochta, sa **Straitéis Náisiúnta Leanaí**, sa Straitéis Náisiúnta Drugaí agus sa **NDP**.

24

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Baint amach na spriocanna Oideachais sa Phlean Gníomhaíochtaí Náisiúnta in aghaidh Bochtaine agus Eisialmh Sóisialta, 2003-2005 (NAPS/incl) agus in ag Coinneáil an Dul Chun Cinn a chothú trí na straitéisí aitheanta i gcáipéisí NAPS/incl agus Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn a bhogadh ar aghaidh.	<ul style="list-style-type: none"> Sásraí maidir le dul chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéisí aitheanta faoi NAPS/incl agus Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn Tuarascálacha rialta chuig an Oifig Náisiúnta um Uilechuimsitheacht Shóisialta Tuarascálacha Ráithiúla ar ag Coinneáil an Dul Chun Cinn 	<ul style="list-style-type: none"> An Céatadán d'Fhágáilithe Scoile le hArdteistiméireacht nó a comhionann Straitéisí feabhais feidhmithe agus an tionchar dá thoradh sin ar leibhéal litearthachta i scoileanna a bhíonn ag freastal ar phobail faoi mhíbhuntáiste Leibhéal litearthachta arna dtomhas ag Suirbhéanna Náisiúnta Léitheoireachta Na leibhéal gnóthachtála agus rannpháirtíochta i raon forleathan spriocanna breise sa NAPS/incl
Na spriocanna oideachais sa Straitéis Náisiúnta Drugaí a bhaint amach agus cuidiú le hobair na foirne Náisiúnta um Straitéis Drugaí, an Grúpa Idir-Rannach Drugaí agus Tascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha Drugaí.	<ul style="list-style-type: none"> Feidhmiú na naoi ngníomh oideachas sa Straitéis Náisiúnta Drugaí Tuarascálacha rialta chuig an nGrúpa Idir-Rannach ar Dhrugaí 	<ul style="list-style-type: none"> An líon scoileanna a chuireann cláir oideachais drugaí i bhfeidhm An líon scoileanna a fhorbraíonn pleananna mí-úsáide substaintí An leibhéal rannpháirtíochta i bhfóir na Straitéise Náisiúnta Drugaí Feidhmiú sásúil na gcomhchodanna oideachais den Straitéis Náisiúnta Drugaí
Uilechuimsitheacht shóisialta i gcláir agus i mbeartais na Roinne a chur chun cinn agus a chomhordú i gcomhairle leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB), leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus le comhlachtaí ábhartha eile.	<ul style="list-style-type: none"> Comhairle a sholathar ar cheisteanna uilechuimsitheachta sóisialta a bhaineann le hoideachas Leibhéal feasachta ar fud na Roinne maidir le huilechuimsitheacht shóisialta mar réimse tosaíochta 	<ul style="list-style-type: none"> An méid a n-áirítear an ghné uilechuimsitheachta sóisialta i mbeartais agus i gcláir oideachais

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
<p>Cuidiú go héifeachtach le tionscnaimh agus fóraim uilechuimsitheachta sóisialta tras-rannacha, lena n-áirítear an Coiste Comh-Aireachta ar Uilechuimsitheacht Shóisialta, Grúpa na nOifigeach Sinsearach, An Grúpa Stiúrtha ar Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, NAPS/incl, an Straitéis Náisiúnta Drugaí, RAPID, Boird Forbartha Contae agus Tascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha Drugaí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Dul chun cinn ar mhíreanna oideachais de bheartais tras-earnálacha Naisc a chruthú le Ranna/gníomhaireachtaí eile Cur chuige beartais comhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna mar aon le tosaíochtaí agus réimsí do chomhoibriú a shainnithint 	<ul style="list-style-type: none"> An leibhéal a gcuidítear leis an gCoiste Comh-Aireachta ar Uilechuimsitheacht Shóisialta ina gclúdaítear gnéithe oideachais de NAPS/incl, Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, An Straitéis Náisiúnta Drugaí agus tionscnaimh eile An leibhéal comhordaithe agus lánpháirtithe le comhlachtaí eile a bhaineann an Roinn amach
<p>Leanúint de bheith ag obair i dtreo sheachadadh comhordaithe ar sheirbhísí poiblí ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal réigiúnach trí thacaíocht le Boird Forbartha Contae/Cathrach, agus rannpháirtíocht iontu.</p> <p>Foireann ón Oifig Réigiúnach a bheith mar ionadaíocht na Roinne ar gach Bord Forbartha Contae/Cathrach.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Seachadadh seirbhísí níos comhordaithe Faisnéis ar ardchaighdeán maidir le saincheisteanna oideachais a sholáthar do na CDBanna. Tuairiscí rialta chuig na ranna iomchuí den Roinn le dearcadh áitiúil agus réigiúnach ar an oideachas Bearnaí i seirbhísí a aithint, chomh maith le dúbailt a d'fhéadfadh tarlú ar sheirbhísí 	<ul style="list-style-type: none"> Leibhéal sástachta an phobail le seachadadh seirbhísí An leibhéal éifeachtúlachta in úsáid acmhainní airgeadais agus eile mar gheall ar chomhordú níos mó
<p>Cuidiú le hobair an Choiste um Míbhuntáiste Oideachasúil</p>	<ul style="list-style-type: none"> Tacaíocht sonraí, riaracháin agus rúnaíochta a sholáthar don Choiste ar bhonn leanúnach 	<ul style="list-style-type: none"> An leibhéal freagartha maidir le faisnéis iarrtha a sholáthar don Choiste Leibhéal sástachta an Choiste leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil
<p>Maoiniú breise agus acmhainní teagaisc a chur ar fáil trí scéimeanna tacaíochta d'oideachas luathóige do bhunscoileanna agus do scoileanna dara leibhéal a bhíonn ag freastal ar dhaltaí faoi mhíbhuntáiste</p>	<ul style="list-style-type: none"> Feidhmiú DEIS, plan gníomhaíochta nua d'uilechuimsitheacht oideachais, lena mbaineann cur chuige níos córasaí, spriocdhírthe agus lánpháirtithe agus a neartaíonn acmhainneacht an chórais freastal ar riachtanais oideachais leanaí agus dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Acmhainní breise do scoileanna a bhíonn ag freastal ar dhaltaí faoi mhíbhuntáiste Tacaíocht bhreise, spriocdhírthe do dhalaí faoi mhíbhuntáiste Cabhrú le scoileanna i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste suntasach chun múinteoirí a earcú agus a choinneáil. Rochtain tosaíochta ar NEWB, NEPS, Pleanáil Forbartha Scoileanna agus seirbhísí eile Tionscadail roghnaithe agus acmhainnithe chun coinneáil feabhsaithe leanaí agus daoine óga i scoileanna a bhíonn ag freastal ar phobail faoi mhíbhuntáiste a chur chun cinn, mar aon le gnóthachtáil oideachais feabhsaithe na leanaí agus na ndaoine óga sin. 	<ul style="list-style-type: none"> Leibhéal forbartha na spriocbheart uilechuimsitheachta oideachais don oideachas luathóige agus i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal An leibhéal comhordaithe agus lánpháirtithe ar fud raon iomlán na mbeart uilechuimsitheachta oideachais Leibhéil forbartha na bpróiseas pleanála agus tomhais ar an talamh Leibhéil gnóthachtála oideachais i scoileanna tacaíthe, le haird ar leith ar litearthacht agus uimhearthacht agus gnóthachtáil i Scrúduithe Stáit. An leibhéal coinneáil i scoileanna tacaíthe agus slite cúí eile

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Pleanáil agus foráil do líon dóthanach áiteanna a chur ar fáil do leanaí ar ciontóirí iad, le haird ar fhorálacha Acht na Leanáí, 2001	<ul style="list-style-type: none"> • monatóireacht leanúnach leibhéal lonnaitheachta i scoileanna leanaí ar choinneáil 	<ul style="list-style-type: none"> • Áiteanna dóthanacha leapan a chur ar fáil i Scoileanna d'Ógchiontóirí
Pleanáil agus foráil do líon seirbhísí oideachais a chur ar fáil do leanaí in Aonaid Ard-Tacaíochta nó in Aonaid Chúram Speisialta faoi na Boird Sláinte, le haird ar fhorálacha Acht na Leanáí, 2001	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís oideachais a chur ar fáil do leanaí a chuirtear in Aonaid Ard-Tacaíochta agus in Aonaid Chúram Speisialta 	<ul style="list-style-type: none"> • Soláthar Seirbhísí oideachais leordhóthanacha in Aonaid Ard-Tacaíochta agus in Aonaid Chúram Speisialta
Foráil don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais chun an raon seirbhísí atá leagtha síos san Acht Oideachais (Leas), 2000 a thabhairt i gcrích	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Leasa Oideachais a thabhairt i gcrích de réir fhorálacha an Achta • Clárú, measúnú agus monatóireacht maidir le foráil do leanaí a bhíonn á dteagasc lasmuigh den scoil agus do dhaoine óga a fhágann an scoil go luath chun glacadh le fostaíocht • Seirbhís a chur ar fáil maidir le cásanna fionraí agus díbeartha 	<ul style="list-style-type: none"> • Leibhéal feabhsaithe i dtinreamh scoile • An caighdeán oideachais a chuirtear ar fáil do leanaí a fhaigheann oideachas lasmuigh de scoileanna aitheanta • An ráta rannpháirtíochta i gclár chúí oideachais agus oiliúna do dhaoine óga a d'fhág an scoil go luath chun glacadh le fostaíocht • Cásanna fionraí agus díbeartha réitithe d'fhonn oideachas/oiliúint oiriúnach leanúnach a chinntiú nuair is indéanta sin

CUSPÓIR 2.2

Déanfaimid córas ardchaighdeáin uilechuimsitheach i dtaca le breisoideachas agus gairmoiliúint a fhorbairt do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, a oireann do riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta.

Cuimsíonn breisoideachas litearthacht d'aoisigh, clár do luathfhágálaithe scoile agus do dhaoine atá dífhostaithe, cúrsaí iar-Ardteistiméireachta, an Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas agus oideachas aosach agus oideachas pobail lasmuigh d'oideachas tríú leibhéal. Tá ról mór aige maidir leis an dara deis a thabhairt do dhaoine chun fillleadh ar an oideachas, aghaidh a thabhairt ar ghanntanas scileanna, comhionannas agus uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus creat a chruthú maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil. Is bealach tábhachtach forchéimnithe é do dhaoine óga nach dtéann ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal, agus is bealach tábhachtach ath-iontrála é do dhaoine fásta atá ag iarraidh fillleadh ar an bhfoghlaim. Léiríonn an cuspóir sin ár dtiomantas do phrúiseas “cuspóirí coincréiteacha do chórais oideachais agus oiliúna sa todhchaí” de chuid an AE agus roinnt gníomhaíochtaí eile a fhaigheann tacaíocht faoin gCreat Tacaíochta Pobail. Tá tiomantais lárnacha sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas, sa Pháipéar Bán ar Oideachas Aosach: Foghlaim ar feadh an tSaoil**, sa **Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh Bochtaine agus Eisiamh Sóisialta 2003-2005**, agus i **dTuarascáil an Tascfhórsa ar Foghlaim ar feadh an tSaoil**, maidir le forbairt agus feabhsú na hearnála. Áirítear ar na tiomantais sin rochtain a leathnú, tacú le cáilíocht, Straitéis Náisiúnta Litearthachta d'Aoisigh, Tionscnamh páirtaimseartha chun Filleadh ar an Oideachas dírithe ar foghlaim sholúbtha do dhaoine ar lú a n-oideachas ná oideachas sinsearach meánscoile agus tá clár scileanna ICT Aoisigh, forbairt ar sheirbhís treorach d'aoisigh, agus leathnú ar na samhlacha oideachais pobail san áireamh leis sin.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Beartas a fhorbairt chun tacú le creat d'foghlaím ar feadh an tsaoil	<ul style="list-style-type: none"> Sásraí feabhsaithe d'idirchaidreamh le Ranna agus gníomhaireachtaí lárnacha ar cheisteanna tras-rannacha a bhaineann le polasaithe Foghlama ar Feadh an tSaoil 	<ul style="list-style-type: none"> Beartais agus straitéisí comhaontaithe ag Leibhéal Náisiúnta Leibhéal soiléireachta agus comhlántachta i gcreataí struchtúracha, oibríochta agus cuntasachta ina ndéantar míreanna éagsúla de bheartais foghlama ar feadh an tsaoil a sheachadadh d'fhoghlaimoirí
Tacú le feidhmiú na Straitéise Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, agus feidhmiú na straitéise sin a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh á thabhairt i gcrích ag Coistí Gairmoideachais Comhaontú maoinithe leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh (NALA) i gcomhair cláir tacaíochta comhaonaithe i réimsí mar cur chun cinn, forbairt ábhar, oiliúint agus taighde. 	<ul style="list-style-type: none"> Rátaí rannpháirtíochta Caighdeán seachadta
Tacú le Coistí Gairmoideachais chun gairmoideachas agus oiliúint a fhorbairt agus a sheachadadh (i) chun freastal ar riachtanais dhaoine óga a fhágann an scoil go luath agus ar dhaoine fásta a bhfuil an dara seans ar oideachas de dhíth orthu agus (ii) chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scile iontrálaithe agus ath-iontrálaithe sa mhargadh saothair	<ul style="list-style-type: none"> Cláir a bhíonn ábhartha agus éifeachtach chun freastal ar riachtanais na spriocghrúpaí (m.sh. Ógtheagmháil, Oiliúint don Lucht Siúil Sinsearach, VTOS, Iar-Ardteistiméireacht) 	<ul style="list-style-type: none"> Méadú in uimhir na n-áiteanna ar fáil Leibhéal feasachta Modhanna nuálacha seachadta Rátaí rannpháirtíochta Rátaí Críochnúcháin Rátaí deimhnithe Torthaí socrúcháin/ forchéimnithe
Tacú le hoideachas pobail	<ul style="list-style-type: none"> Tionscnamh Comhionannais Oideachais, Céim 2 (2004-2006) a fheidhmiú Cistí do Choistí Gairmoideachais i gcomhair Oideachais Phobail Dual Pobail an Tionsnaimh chun Filleadh ar an Oideachas (BTEI) 	<ul style="list-style-type: none"> Torthaí ón EEI faoi 2006 An líon grúpaí pobail a gheobhaidh tacaíocht An líon rannpháirtithe i nDual Pobail an BTEI Leibhéil oideachais roimhe sin, próifíilí spriocghrúpaí agus torthaí socrúcháin/forchéimnithe
Rochtain, cáilíocht agus bainteacht i mBreisoiseachas agus in Oideachas Aosach a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhís Treorach d'Oideachas Aosach Tacaíochtaí chúram leanaí do rannpháirtithe in Ógtheagmháil, i VTOS agus i gCláir Oiliúna don Lucht Siúil Samhail lánpháirtithe do Sheirbhísí Tacaíochta Breisoideachais Tacaíocht do Choistí Gairmoideachais chun beartais a fhorbairt chun ceanglais dhearbhu cáilíochta agus bhailíochtaíthe FETAC a chomhlíonadh 	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhís leathnaithe ann Tacaíochtaí ann Struchtúr lánpháirtithe ann Ráitis polasáí forbartha Oiliúint iomchuí curtha ar fáil don fhoireann

CUSPÓIR 2.3

Cuirfimid forbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga chun cinn trí oideachas neamhfhoirmiúil, le béim faoi leith ar riachtanais obair ógra daoine óga in aois 10-21 agus dóibh siúd faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíochta.

Tá an Roinn freagrach as creat polasaí agus tacaíocht airgeadais a sholáthar chun cláir agus seirbhísí oibre ógra a fhorbairt. Baineann na seirbhísí agus na cláir neamhfhoirmiúla oideachais seo le forbairt shóisialta agus phearsanta daoine óga lasmuigh den oideachas foirmiúil ach fós ag comhlánú an oideachas sin, agus tugtar tosaíocht don aoisghrúpa 10-21 agus an t-aos óg faoi míbhuntáiste.

Léiríonn an chuspóir seo ár dtiomantas don phróiseas “*cuspóirí coinchréiteacha do chórais oideachais agus oiliúna sa todhcaí*” de chuid an AE. Tacaíonn an chuspóir seo bearta polasaí leagtha amach in *Ag Coinneáil Dul chun Cinn, sa Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh Bochtaineachta agus Eisiámh Sóisialta 2003-2005, sa Straitéis Náisiúnta Leanaí agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.*

Cuirtear na seirbhísí agus cláir ar fáil go mórmhór trí éagraíochtaí deonacha náisiúnta agus réigiúnacha agus trí structúir atá le forbairt ag na Coistí Gairmoideachais¹. Tugtar tacaíocht do na cláir agus na seirbhísí tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta, i dteannta le maoiniú áirithe soláthraithe ag an gCrannchur Náisiúnta.

28

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Forbairt a dhéanamh ar pholasaí maidir le obair ógra	<ul style="list-style-type: none"> An tAcht um Obair Ógra 2001 a chur i bhfeidhm de réir a chéile i gcomhairle leis na geallsealbhóirí cuí Plean Forbartha Náisiúnta don Obair Ógra a chur i bhfeidhm de réir a chéile i gcomhairle leis na geallsealbhóirí cuí Forbairt ar pholasaithe maidir le obair ógra mar is cuí 	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt a dhéanamh, de réir a chéile, ar structúir agus tionscnaimh cuí agus comtháthaithe a bhaineann leis an obair ógra
Tacaíocht a sholáthar do eagraíochtaí agus tionscnaimh a bhfuil baint acu leis an obair ógra	<ul style="list-style-type: none"> Maoiniú a sholáthar do eagraíochtaí agus tionscnaimh a bhfuil baint acu leis an obair ógra chomh fada agus is féidir i gcomhthéacs acmhainní Riarachán na scéimeanna, chomh maith le hathbhreithniú agus forbairt ar scéimeanna chomh fada agus is féidir i gcomhthéacs acmhainní 	<ul style="list-style-type: none"> An méid daoine óga ag tógáil páirt i seirbhísí agus tionscnaimh oibre ógra An méid daoine óga ó ghrúpaí tosaíochta ag tógáil páirt i seirbhísí agus tionscnaimh oibre ógra An méid eagraíochtaí, tionscadail agus grúpaí a bhaineann leis an obair ógra atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta

¹ I gcomhréir leis an Acht um Obair Ógra 2001

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Comhairliúchán agus comhoibriú ag leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta maidir le cúrsaí a bhaineann le obair ógra a fhorbairt agus a thacú	<ul style="list-style-type: none"> Tionscnaimh ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta a éascaíonn scaipeadh agus forfheidhmiú na gcleachtais is fearr a bhaineann le hobair ógra Éire a bheith rannpháirteach i gclár malairte idirnáisiúnta 	<ul style="list-style-type: none"> Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt pholasaí an AE maidir le obair ógra Dualgais don Chomhairle Ógra agus Coistí eile de chuid an AE a chomhlíonadh Páirt a ghlacadh i gcomhoibriú Thuaidh/Theas in earnáil na oibre ógra Páirt ghníomhach a ghlacadh i dtuiscint agus scaipeadh faisnéise maidir le hearnáil na oibre ógra in Éirinn do Bhallstáit eile an AE agus do na Stáit Aontacha

CUSPÓIR 2.4

Déanfaimid bainistiú ar fhreagra na Roinne maidir le tionscnaimh chun drochúsáid leanaí i bhforais chónaitheacha a chúiteamh

Tá ról dhéach ag an Roinn i ndáil le hobair an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú sa mhéid go bhfuil sí freagrach as an tacú leis an gCoimisiún trí thacaíocht leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dó lena chur ar a chumas a chuid oibre a stiúradh agus fós is freagróir í an Roinn do Choiste Imscrúdaithe an Choimisiúin. Tá freagracht ar an Roinn freisin chun tacú leis an mBord um Shásamh i leith Foras Cónaithe a bhfuil de dhualgas air scéim chúitimh a riaradh do dhaoine a d'fhulaing ó dhrochúsáid leanaí. Tá ról ag an Roinn freisin maidir le tacú le grúpaí fulaingeoirí, agus idirchaidreamh a dhéanamh leo, a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine a d'fhulaing drochúsáid i gcúram forais chónaithe agus iad ina leanaí.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Tacú le hobair an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	<ul style="list-style-type: none"> Acmhainní dóthanacha agus cabhair dhóthanach tugtha don Choimisiún An reachtaíocht atá curtha i bhfeidhm a leasú Gach iarraidh ar fhollasú comhlíonta laistigh de na teorainneacha ama comhaontaithe 	<ul style="list-style-type: none"> Leantar d'obair an Choimisiúin go héifeachtach agus go héifeachtúil Reachtaíocht i bhfeidhm Déileáladh le gach treoir follasaithe laistigh de na teorainneacha ama
Tacú le hobair an Bhoird um Shásamh i leith Foras Cónaithe	<ul style="list-style-type: none"> Acmhainní dóthanacha agus cabhair dhóthanach tugtha don Bhoird um Shásamh 	<ul style="list-style-type: none"> Leantar d'Obair an Bhoird um Shásamh agus déantar dámhachtainí
Tacú agus idirchaidreamh le daoine a bhí ina gcónaí sna forais tráth	<ul style="list-style-type: none"> Maoiniú cuí a sholáthar do ghrúpaí agus cruinnithe rialta a shocrú 	<ul style="list-style-type: none"> Iar-chónaitheoirí curtha ar an eolas faoi fhorbairtí leanúnacha

CUSPÓIR 2.5

Déanfaimid níos mó cothromais a chur chun cinn i dtaca le rochtain ar oideachas tríú leibhéal, go háirithe do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste agus do mhic léinn aibí agus do mhic léinn faoi mhíchumas, trí dhíriú feabhsaithe a dhéanamh ar thacaíocht do mhic léinn/tionscnaimh rochtana.

Ag eascairt as tátail agus moltaí na tuarascála “*Supporting Equity in Higher Education*”, tá an Roinn, i dteannta leis na geallseabhóirí iomchuí, ag scrúdú na ndeiseanna do riarachán amach anseo ar scéimeanna tacaíochta mac léinn. Tá an scrúdú seo á dhéanamh freisin ó thaobh tiomantas an Chláir don Rialtas go dtabharfaí isteach ‘íocaíocht deontas trí scéim íocaíochta deontais aontaithe agus solúbtha’ a fheidhmiú.

Is é cuspóir foriomlán an scrúdaithe ná riarachán níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar scéimeanna a chinntiú, rud a chinnteoidh muinín an phobail i ndáil leis na cistí substaintiúla atá i gceist a spriocdhíriú i bhfabhar na ndaoine is mó a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu agus ar an tslí sin cuspóir an Rialtais a bhaint amach go mbeadh rochtain níos mó ar oideachas ag na grúpaí daoine a bhfuil tearcionadaíocht acu faoi láthair.

Beidh an Roinn ag obair go dlúth leis an Oifig Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Oideachas Tríú Leibhéal a bunaíodh le gaird i mbaint amach an chuspóra agus i bhfeidhmiú an Phlean Gníomhaíochta atá foilsithe ag an Oifig Náisiúnta.

30

Straitéisí	Aschuir	Táscarí Feidhmíochta
Aghaidh a thabhairt, i dteannta leis an Oifig Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ard-Oideachas agus le geallsealbhoirí lánacha eile, ar thearcionadaíocht san ardoideachas i measc grúpaí áirithe, ar nós mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, mic léinn faoi mhíchumas agus mic léinn aibí “dara deise”.	<ul style="list-style-type: none"> Feidhmiú na bpointí gníomhaíochta atá aitheanta sa phlean ghníomhaíochta 2005-2007 ar Chothromas Rochtana ar Ard-Oideachas in Éirinn a Bhaint Amach 	<ul style="list-style-type: none"> Dáiliú sonrath an chiste ag cur san áireamh an Ciste Míchumais, an Ciste um Chúnamh Mac Léinn agus Ciste na Mílaoise mar aon leis an Ráta Speisialta de Dheontas Cothabhála (deontas “breise”) Rannpháirtíocht mhéadaithe ag mic léinn faoi mhíchumais, mic léinn faoi mhíbhuntáiste agus mic léinn aibí “dara deise” Mic léinn aibí mar chéatadán de na hiontrálaithe go léir ar oideachas lánaimseartha fochéime Feidhmiú na moltaí i dtuarascáil an Ghrúpa Gníomhaíochta ar Rochtain, i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil.
Athbhreithniú ar Scéimeanna Tacaíochta Mac Léinn, lena n-áirítear riaradh na scéimeanna sin amach anseo	<ul style="list-style-type: none"> Scéim Deontas Ard-Oideachais aontaithe aonair a thabhairt isteach agus riaradh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar na scéimeanna 	<ul style="list-style-type: none"> Dul chun cinn ar fheidhmiú na gcinntí a d’eascair as an tuarascáil ‘Supporting Equity in Higher Education’ Eisiúint thráthúil ar scéimeanna deontas bliantúla Dáiliú airgid dóibh siúd a bhfuil an gáir is mó orthu

CUSPÓIR 2.6

Déanfaimid comhionannas inscne maidir le seirbhísí, gníomhartha, cláir agus bearta do leanaí agus do dhaoine fásta a chur chun cinn ag gach leibhéal den oideachas

Tá an Roinn tiomanta do lánchomhlíonadh na reachtaíochta comhionannais inscne a chur chun cinn agus a chothabháil ar fud an chóras oideachais, trí mheon agus trí fhriotal na reachtaíochta araon. Faigheann roinnt de na gníomhaíochtaí faoin gcuspóir seo tacaíocht ón gCreat Tacaíochta Pobail. Tacaíonn an cuspóir seo le beartais an Rialtais mar atá leagtha sícs sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas, Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn** agus an **NDP**.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Forbairt príomhshruthú inscne san oideachas a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> Oiliúint, tacaíocht agus faisnéis a sholáthar do scoileanna agus don fhoireann Roinne iomchuí Tacaíocht do thaighde agus do staitisticí imdhealaithe ar cheisteanna inscne san oideachas, agus iad a fhoilsiú. 	<ul style="list-style-type: none"> An líon foirne teagaisc agus Roinne a fhaigheann oiliúint An líon foilseachán ullmhaithe agus foilsithe Spriocanna eifeachtúlacha an NDP a bhaint amach
Bonn taighde a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> Maoiniú do tionscail taighde 	<ul style="list-style-type: none"> Torthaí taighde a fhoilsiú
Bearta comhlánacha píolótacha	<ul style="list-style-type: none"> Treoirínte a fhorbairt do scoileanna, do Bhoird Bhainistíochta agus do thuismitheoirí ag leibhéal bunoidreachais agus ag leibhéal iar-bhunoideachais 	<ul style="list-style-type: none"> Scaipeadh chuig scoileanna Rochtain ag líon múinteoirí, Bord Bainistíochta agus Tuismitheoirí
Rochtain chomhionann do mhná i mbainistíú oideachais a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> Cláir chreidiúnaithe a sholáthar 	<ul style="list-style-type: none"> Glacadh le cúrsaí Líon méadaithe ban mar Phríomhoidí, agus mar leas-phríomhoidí i scoileanna agus ionaid oideachais

CAIBIDIL 4

Ag Cuidiú le Rathúnas Eacnamaíoch

SPRIOC ARDLEIBHÉIL 3

Cuideoidimid le rathúnas eacnamaíoch,
le forbairt agus le hiomaíocht
idirnáisiúnta na hÉireann.

RÁITEAS
STRAITÉISE
2005 ► 2007

CUSPÓIR 3.1

Déanfaimid cur chun cinn ar a gcuireann an earnáil tríú leibhéal le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta i gcomhthéacs riachtanais atá ag athrú agus eagróimid soláthar pearsanra atá cailithe agus oilte d'fhonn tacú le hiomaíocht agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann

De réir mar atá borradh ag teacht faoin ngluaiseacht i dtreo sochaí eolasbhunaithe ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal AE, tá earnálacha agus slite beatha nua ag teacht chun cinn a éilíonn fórsa saothair solúbtha agus inoiriúnaithe. Is dúshlán lárnach don oideachas an meascán riachtanach de chruthaíocht agus de scileanna a fhorbairt lena chur ar ár gcumas freagairt do riachtanais na sochaí chomh maith le riachtanais reatha, agus teilgthe, an mhargaidh saothair.

Tá idirchaidreamh dlúth ag an Roinn leis an Údarás um Ard-Oideachas d'fhonn tacú leis an gcuspóir seo agus tacaíonn sí freisin le hinstiúidí tríú leibhéal státchuidithe eile maidir le raon cúrsaí a chur ar fáil, lena n-áirítear oiliúint phrintiseachta agus oiliúint teagaisc, atá spriocdhírthe chun freastal ar riachtanais athraitheacha an gheilleagair. Chomh maith le sochaí agus geilleagar athraitheach, tá próiseas athraithe agus nuachóirithe ar siúl in instiúidí tríú leibhéal. I Meán Fómhair 2004, d'fhoilsigh an OECD athbhreithniú straitéiseach ar an oideachas tríú leibhéal in Éirinn agus beidh sé seo mar threoir don bheartas san earnáil. Tugadh athbhreithniú straitéiseach ar riachtanais chaipitil na hearnála tríú leibhéal freisin agus foilsíodh é i 2004.

Tá an Roinn tiomanta do chlár mórscála infheistíochta i dtaighde, ag tarraingt ar an bPlean Forbartha Náisiúnta. Is í an aidhm ná inniúlacht taighde agus forbartha den scoth a fhorbairt in instiúidí ardoideachais chun freastal ar imthosca eacnamaíocha, sóisialta agus teicneolaíochta atá ag athrú go tapaigh. Léiríonn an cuspóir sin freisin ár dtiomantas do phróiseas “*cuspóirí coinchréiteacha do chórais oideachais agus oiliúna sa todhchaí*” de chuid an AE agus roinnt gníomhaíochtaí eile a fhaigheann tacaíocht faoin gCreat Tacaíochta Pobail. Tacaíonn an cuspóir seo le bearta beartais an Rialtais mar atá leagtha síos sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas, Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn** agus sa **Phlean Forbartha Náisiúnta**.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Spriocanna a bhunú agus straitéisí a fhorbairt le freastal ar riachtanais sainiúla gairmeacha agus scileanna, ag tarraingt ar obair an Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, an Ghrúpa Scileanna Sláinte agus riachtanais scileanna earnála eile atá aitheanta agus comhaontaithe.	<ul style="list-style-type: none"> Áiteanna a sholáthar ag teacht leis na spriocanna atá socraithe 	<ul style="list-style-type: none"> Na spriocanna socraithe i dtaca le cruthú áiteanna tríú leibhéal chun freastal ar riachtanais scileanna aitheanta, lena n-áirítear riachtanais na hearnála sláinte, teagaisc agus printiseachta, a bhaint amach Fórsa saothair oilte dóthanach chun freastal ar éileamh

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Tacaíocht a sholáthar do thaighde agus do thaighdeoirí aonair agus d'fhoirne i raon leathan disciplíní, cuidiú le forbairt acmhainneachta straitéise in institiúidí agus forbairt seirbhísí agus clár aistriú teicneolaíochta a éascú chun tacú le fiontraíocht/nuáil	<ul style="list-style-type: none"> • Leanúint le feidhmiú an Chláir um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) agus tacaíocht do Chomhairlí Taighde agus do chomhlachtaí taighde eile faoi choimirce na Roinne • Tacaíocht leanúnach don taighde tríd an HEA agus trí mhaoiniú díreach ón Roinn agus trí ghníomhaíochtaí na gComhairlí Taighde a mhaoiniú • Tacaíochtaí taighde agus forbartha le haghaidh leasanna sóisialacha, eacnamaíochta agus gnó. • Rannpháirtíocht i gCoiste Idir-Rannach ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil chun beartas feidhmithe comhordaithe a chinntiú sa chóras taighde poiblí • Straitéisí don chóras ardoideachais a fhorbairt a chuirfidh leis an sprioc 0.8% den OTN a chur ar fáil don chóras taighde poiblí mar atá samhlaithe sa tuarascáil "Building Ireland's Knowledge Economy" (Feagra na hÉireann ar sprioc Liospóin do chaiteachas Taighde agus Forbartha a bhaint amach) 	<ul style="list-style-type: none"> • Toradh na meastóireachtaí foirmiúla • Spriocanna éifeachtúlachta an NDP bainte amach maidir le líon na dtaighdeoirí fostaithe de réir duail agus leibhéal taighde • Rannpháirtíocht institiúidí tríú leibhéal i raon tionscadal comhoibríthe le leasanna sóisialacha, eacnamaíochta agus gnó • Méadú ar an líon taighdeoirí, ag teacht leis na spriocanna atá beartaithe ag an gCoiste Idir-Rannach ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil
Obair Chomhairle Taighde na hÉireann don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht agus obair Chomhairle Taighde na hÉireann do na Daonnachtaí agus do na hEolaíochtaí Sóisialta a thabhairt le chéile	<ul style="list-style-type: none"> • Creat comhordaithe reachtaíochta agus riaracháin 	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh dianbhabhta comhairliúcháin ann i 2005 le súil agus creat cuí a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas na gcomhairlí taighde a misin faoi seach a réadú.
An tÚdarás um Ardoideachas a athbhunú chun freagracht dona hInstitiúidí Teicneolaíochta a chur san áireamh	<ul style="list-style-type: none"> • Struchtúir chomhordaithe agus chineachaithe don earnáil tríú leibhéal i bhfeidhm 	<ul style="list-style-type: none"> • Freagracht as na hInstitiúidí Teicneolaíochta a aistriú chuig an údarás um Ard Oideachas athbhunaithe curtha i gcrích ar bhun céimithe tar éis achtú na reachtaíochta cuí • An reachtaíocht leasaitheach a fhoilsiú • Acmhainneacht chinnteoireachta na Roinne feabhsaithe
Dul i gceann easnaimh bonneagar sainaitheanta san earnáil tríú leibhéal tré chlár caipitil ilbhliantúil	<ul style="list-style-type: none"> • Bonneagar ar ardchaighdeán a sholáthar in institiúidí tríú leibhéal a thacaíonn le hoideachas tríú leibhéal i gcoiteann, agus forbairt scileanna go háirithe, a thabhairt i gcrích. 	<ul style="list-style-type: none"> • Mórthionscadail tosaíochta sainaitheanta a thabhairt i gcrích • Maoiniú cineachaithe a thabhairt isteach do mhionobreacha agus d'athnuachan trealaimh
Tacú le forbairt leanúnach taighde agus nuála in institiúidí tríú leibhéal trí acmhainní caipitil a chur ar fáil don bhonneagar fisiciúil agus don trealamh.	<ul style="list-style-type: none"> • Bonneagar ardchaighdeán a chur ar fáil in institiúidí tríú leibhéal chun cabhrú le taighde atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus sprioc an Rialtais a bhaint amach go bhforbródh Éire isteach ina geilleagar eolais faoi threallús nuála 	<ul style="list-style-type: none"> • Tiomantais ag eascairt as na sraitheanna éagsúla den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal a thabhairt i gcrích
Nósanna imeachta nua iontrála do scoileanna liachta a fhorbairt a laghdaíonn an tionchar atá ag an gcóras pointí atá faoi láthair ann	<ul style="list-style-type: none"> • Feitheamh ar mholtaí an ghrúpa Idir-Rannach a tionóladh chun oideachas agus earcú liachta a scrúdú go sonrach agus ansin na moltaí sin a bhreithniú 	<ul style="list-style-type: none"> • Córas earcaíochta chuig scoileanna liachta a fhorbairt a bheidh cothrom agus a shainiathníonn na hiarrthóirí is oiriúnaí.

CUSPÓIR 3.2

Cuirfidimid úsáid ICT i scoileanna chun cinn agus cuideoidimid le dáлтаí litearthacht ríomhaireachta a bhaint amach agus na scoileanna riachtanach chun bheith rannpháirteach i Sochaí na Faisnéise a fhoghlaim

Bíonn ról ag an Roinn in úsáid ICT mar thacaíocht foghlama agus i malartú éifeachtach faisnéise, acmhainní foghlama agus smaointe a bhfuil baint acu leis an oideachas. I dteannta leis an Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas, leanfaimid ar aghaidh ag ceapadh beartais maidir le comtháthú ICT i nósanna imeachta foghlama, teagasc agus measúnaithe, lena n-áirítear forbairt ar an mbonneagar ICT i scoileanna agus soláthar bogearraí agus acmhainní ilmheáin le tacú le foghlaim. Chomh maith leis sin tá sé mar aidhm againn feabhas a chur ar na deiseanna oideachais atá ar fáil do dháltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus clár cuimsitheach oiliúna do mhúinteoirí maidir le húsáid ICT sa seomra ranga a sholáthar. Léiríonn an chuspóir seo ár dtiomantas don phróiseas “cuspóirí coincréiteacha do chórais oideachais agus oiliúna sa todhcaí” de chuid an AE. Tacaíonn an chuspóir seo leis na bearta polasaí atá leagtha amach sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas**, in **Ag Coinneáil Dul chun Cinn**, i **NAPS**, sa **Straitéis Náisiúnta Leanáí** agus i **Naisc Nua**, straitéis an Rialtais chun lánacmhainneacht na Sochaí Faisnéise a bhaint amach.

36

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
<p>Clár Leathanbhanda na Scoileanna a chur i bhfeidhm</p> <p>Úsáid a bhaint as leithdháileadh airgeadais chun tacaíocht a thabhairt don bhonneagar ICT i scoileanna</p> <p>Tacaíocht a thabhairt do scoileanna ICT a chomtháthú le teagasc agus foghlaim</p> <p>Na tosaíochtaí a bheidh ann sa todhcaí maidir leis an gClár ICT i Scoileanna a shainiú</p>	<ul style="list-style-type: none"> Líonra Leathanbhanda Náisiúnta do Scoileanna a bhunú agus nasc a bheadh ag gach uile scoil leis an Líonra Náisiúnta sin Deontais do scoileanna le béim faoi leith ar fhorbairt líonraí ríomhaireachta Soláthróidh an NCTE clár oiliúna do mhúinteoirí le béim faoi leith ar chleachtas múinteoireachta An suíomh idirlíon ScoilNet a fhorbairt chun a bheith mar acmhainn oideachais agus réimse na n-acmhainní seomra ranga atá ar fáil do mhúinteoirí agus foghlaimoírí a leathnú Leanfaidh an NCCA ar aghaidh ag díriú ar úsáid ICT sa churaclam Áireamh Náisiúnta ar an mbonneagar ICT i scoileanna a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do thaighde ar úsáid ICT i dteagasc agus i bhfoghlaim Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe reatha agus na tosaíochtaí a bheidh ann maidir leis an gclár sa todhcaí a shainiú 	<ul style="list-style-type: none"> Líonra Leathanbhanda Náisiúnta do Scoileanna a fhorbairt agus nascacht leathanbhanda a leathadh amach chuig gach uile scoil Líon agus méid líonraí scoile a mhéadú An líon múinteoirí oillte le béim faoi leith ar úsáid oideolaíoch ICT Leathnú Soléir ar sheachadadh áiseanna ar-líne do scoileanna, ag an NCTE trí ScoilNet Creat ICT i gCuraclam agus Measúnacht a chur i gcrích Torthaí an Áirimh a fhoilsiú agus Measúnú na Cigireachta ar ICT i dTeagasc agus i bhFoghlaim a fhoilsiú Comhaontú maidir leis na tosaíochtaí a bheidh ann sa todhcaí maidir leis an gclár

CUSPÓIR 3.3

Cuideoidimid le forbairt oideachais in Éirinn trí chomhoibriú agus cinnteoireacht san Aontas Eorpach, in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus go déthaobhach agus trí rannpháirtíocht i gcláir agus i dtionscnaimh sna réimsí oideachais, eolaíochta agus oiliúna cuidithe ag an Aontas Eorpach agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

Glacann an Roinn páirt ghníomhach in idirghabhálacha éagsúla an Aontais Eorpaigh (AE) i réimsí oideachais agus oiliúna, ag leibhéal forbartha beartais straitéisigh agus ag leibhéal bainistithe cláir araon. Ag leibhéal náisiúnta, tá an Roinn freagrach as a chinntiú go gcuirfear cláir oideachais agus oiliúna an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm in Éirinn. Tá an Roinn páirteach go gníomhach chomh maith le raon cuimsitheach gníomhaireachtaí idirnáisiúnta, ina measc sin an OECD, UNESCO, agus Comhairle na hEorpa mar aon le, go déthaobhach, líon mór tíortha aonair. Léiríonn an cuspóir sin ár dtiomantas do “Phróiseas Cuspóirí don Todhchaí” an AE agus do phróisis Bologna agus Chóbanhávan i gcomhthéacs Chlár Oibre Liospóin. Is fachtóir lárnach é an Oideachas in iomaíocht, fás inbhuanaithe agus fostaíocht an Aontais Eorpaigh agus dá bhrí sin is réamhriachtanas é chun na spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a leagadh síos i Liospóin a bhaint amach. Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais an Rialtais atá leagtha amach sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas** agus in **Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn**.

37

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Cur le ceapadh beartais an AE in oideachas agus oiliúint trí Chomhairle an AE, tríd an gCoiste Oideachais agus trí Choiste AE eile agus trí Chomhairle na nAíre Oideachais, agus tionchar a imirt ar cheapadh na mbeartas sin.	<ul style="list-style-type: none"> Tionscnaimh ag leibhéal Eorpach, a éascaíonn feidhmiú sárchleachtas in Éirinn agus réimse Eorpach de scoth an oideachais a chruthú 	<ul style="list-style-type: none"> Cuidiú na hÉireann leis an dara comhThuarascáil Eatramhach Comhairle/Coimisiúin 2006 a bhaineann le clár oibre “Oideachas agus Oiliúint 2010”. Leibhéal cur chun cinn agus monatóireachta ar “chuspóirí na todhchaí” á gcur i bhfeidhm in Éirinn
Diminsiún Eorpach san oideachas a chur chun cinn agus cur le hardchaighdeán oideachais a fheabhsú trí rannpháirtíocht a chur chun cinn i gcláir oideachais agus oiliúna atá maoinithe ag an Aontas Eorpach	<ul style="list-style-type: none"> Cláir a forbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhealach a mbainfidh ár gcórais náisiúnta oideachais agus oiliúna sochar astu Cláir Socrates agus Leonardo da Vinci á gcur i bhfeidhm ag na Gníomhaireachtaí Náisiúnta in Éirinn 	<ul style="list-style-type: none"> Leibhéal méadaithe i bhfeasacht clár an Aontais Eorpaigh agus i rannpháirtíocht iontu in Éirinn An méid a bpléann na tionscnaimh le riachtanais na hÉireann Éifeachtacht na ngníomhaireachtaí náisiúnta maidir le cláir Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm in Éirinn Leibhéal tionchair ar choistí bainistithe agus comhairlithe Choimisiún an Aontais Eorpaigh

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
<p>Éire a chur chun cinn mar aonad idirnáisiúnta do scoth an oideachais</p> <p>Éire a nascadh leis an Áise trí oideachas</p>	<ul style="list-style-type: none"> Comhshocruithe oideachais agus cultúir le tíortha eile a chur i bhfeidhm Ról an Bhoird Idirnáisiúnta Oideachais – Éire agus na Comhairle Chomhairleach do Scoileanna Mhúinte an Bhéarla a athbhreithniú i gcomhthéacs an chomhairliúcháin ar mholtaí na Tuarascála ar Idirnáisiúnú na Seirbhísí Oideachais (Nollaig 2004) a chur i bhfeidhm. An próiseas comhairliúcháin a thabhairt chun críche i dtús 2005 as a leanfaidh dréachtreachtaíocht don earnáil seirbhísí oideachas idirnáisiúnta Na tiomantais i Straitéis na hÁise a fheidmiú 	<ul style="list-style-type: none"> Dul chun cinn ar fhorbairt beartais chomhleanúnaigh d'fhonn Éire a chur chun cinn mar aonad idirnáisiúnta de scoth an oideachais An líon scoláireachtaí, scoileanna samhraidh, malairtí ollúna agus saineolaithe oideachais Leibhéal méadaithe i líon na mac léinn eachtrannach a bhíonn ag staidéar in Éirinn Institiúid Léann Síneach a bhunú. Leibhéal méadaithe na mac léinn ó thíortha tosaíochta na hÁise

CUSPÓIR 3.4

Cuideoidimid le hiomaíocht idirnáisiúnta a chothabháil trí Éire a fhorbairt mar shárgheilleagar eolasbhunaithe.

Tá aird ar leith tugtha le roinnt blianta anuas ar an bhfobairt atá tagtha ar oideachas eolaíochta agus teicneolaíochta ag gach leibhéal den oideachas agus, go háirithe, ar ghlacadh na n-ábhar eolaíochta ag an dara leibhéal. Bunaíodh Tascfhórsa ar na hEolaíochtaí Fisiceacha i 2000 chun iniúchadh a dhéanamh ar na nithe a raibh tionchar acu ar ghlacadh na n-eolaíochtaí fisiceacha agus na n-ábhar gaolmhar ag an dara leibhéal agus ag an tríú leibhéal. Thuairisc an Tascfhórsa i mí an Mhárta 2002, ag sainiú sé réimse gníomhaíochta: Pleanáil agus Acmhainní; Cothromas, Teagasc agus Foghlaim; Curaclam agus Measúnú; Cothú na hEolaíochta; Aistriú agus Comhtháthú isteach sa Tríú Leibhéal. Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais an Rialtais atá leagtha amach sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas, Ag Coinneáil an Dul chun Cinn**, sa **NDP**, agus i **Naisc Nua**, straitéis an Rialtais chun lánacmhainneacht na Sochaí Faisnéise a bhaint amach.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
<p>Freagra cuimsitheach a fhorbairt, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí lárnacha, ar moltaí Thuarascáil Scrúdaitheora an OECD “<i>Review of Higher Education in Ireland</i>”</p>	<ul style="list-style-type: none"> Comhairliúchán leis na geallsealbhóirí lárnacha Tograí curtha chuig an Rialtas chun comhaontú a fháil 	<ul style="list-style-type: none"> Tograí comhaontaithe a chur i bhfeidhm
<p>Méadú ar ghlacadh na n-eolaíochtaí fisiceacha agus ar ábhair ghaolmhara ag an dara leibhéal agus ag an tríú leibhéal ar aon</p>	<ul style="list-style-type: none"> Fáil ar líon méadaithe daoine le freastal ar riachtanais scileanna i réimsí an gheilleagair a bhaineann le heolaíocht 	<ul style="list-style-type: none"> Lánfheidmiú ar churaclam eolaíochta na mBunscoileanna agus ar shiollabas leasaithe Eolaíochta an Teastais Shóisearaigh Neartú leanúnach na heolaíochta i gcomhthéacs leasaithe na sraithe sinsearaí.

CAIBIDIL 5

Caighdeáin agus Cáilíocht a Fheabhsú

SPRIOC ARDLEIBHÉIL 4

Beimid ag iarraidh caighdeán agus cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus cuirfimid sárchleachtas chun cinn sna seomraí ranga, sna coláistí agus i lárionaid oideachais eile.

RÁITEAS
STRAITÉISE
2005 ► 2007

CUSPÓIR 4.1

Oibreimid chun feabhas a chur ar cháilíocht in oideachas trí chigireacht, trí mheastóireacht agus trí phleanáil rialta a dhéanamh.

Baineann na straitéisí atá sainitheanta faoin gcuspóir seo le hobair Chigireacht na Roinne agus le rannóga eile den Roinn a thacaíonn le feabhsúchán i gcáilíocht oideachais agus an sárchleachtas a chur chun cinn i scoileanna agus i lárionaid oideachais. Déanann an Chigireacht meastóireacht sheachtrach ar obair na múinteoirí ar scoileanna agus cuireann tionscnaimh chun cinn a thacaíonn le féin-athbhreithniú scoile, feidhmiú curaclaim agus oideachas múinteora. Déanfar nós imeachta cuimsitheach Meastóireachta Scoile Uile na Cigireachta a leathnú amach chuig líon níos mó scoileanna agus cuirfear bealach éifeachtach meastóireachta agus tuairiscithe ar fáil maidir le cáilíocht agus caighdeán i scoileanna. Tabharfaidh foilsiú tuarascálacha ar réimsí roghnaithe curaclaim agus ar chláir nó seirbhísí oideachais faisnéis chiallmhar do scoileanna, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne maidir le cáilíocht agus caighdeán sa chóras oideachais agus tacóidh an foilsiú sin comhairle ard-cháilíochta a sholáthar do dhéantóirí beartas. Tacóidh an Roinn freisin le tuilleadh comhordaithe in obair na seirbhísí tacaíochta do scoileanna agus féachfaidh sí le ceannaireacht éifeachtach scoile a chur chun cinn agus tógáil ar chultúr féin-athbhreithnithe agus forbartha i scoileanna.

40

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Clár meastóireachtaí i scoileanna agus i lárionaid oideachais a oibriú	<ul style="list-style-type: none"> Tuairiscí meastóireachta ó ghníomhaíocht Meastóireachta Scoile Uile Tuairiscí meastóireachta ar cháilíocht an tsolathair in ábhair, i réimsí curaclaim nó i dtionscnaimh oideachais Tuairiscí ar mhúinteoirí aonair lena n-áirítear múinteoirí ar promhadh Tuairiscí ar chineálacha eile solathair sa scoil agus solathair lasmuigh den scoil Tuairiscí comhshuite i ndáil le gnéithe áirithe den tsoláthar 	<ul style="list-style-type: none"> Seachadadh tráthúil ar na tuairiscí go léir de réir an phlean cigireachta bliantúil Réimsí forbartha agus moltaí sainiúla a shainiúil i ndáil le bainistiú, pleanáil, solathar curaclaim, cáilíocht teagaisc agus foghlama, agus measúnú Nós imeachta córasach do Bhoird Bhainistíochta chun freagairt do thuairiscí meastóireachta Ábharthacht na moltaí do scoileanna agus do dhéantóirí beartas
Torthaí mheastóireachtaí na Cigireachta a chur in iúl do na scoileanna agus don chóras i gcoitinne	<ul style="list-style-type: none"> Foilseacháin na Cigireachta scaipthe ar fud an chórais 	<ul style="list-style-type: none"> Éifeachtúlacht na bhfoilseachán eisithe maidir leis na príomhthreochtaí i gcáilíocht solathair a chur in iúl
Comhairle beartais fianaisebhunaithe a sholáthar i ndáil le cáilíocht an tsolathair oideachais	<ul style="list-style-type: none"> Comhairle beartais curtha ar fáil. 	<ul style="list-style-type: none"> Cáilíocht agus ábharthacht na comhairle beartais a chuirtear ar fáil
Monatóireacht ar chomhlíonadh fhorálacha reachtaíochta agus rialachán Roinne	<ul style="list-style-type: none"> Moltaí sainiúla i dtuairiscí scoile maidir le comhlíonadh Straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh a fhorbairt 	<ul style="list-style-type: none"> Leibhéal monatóireachta na Roinne ar chomhlíonadh cheanglais an Achta Oideachais, 1998, an Achta Oideachais (Leas), 2000, agus reachtaíochta agus rialachán iomchuí eile Gníomhartha Roinne ag eascairt as torthaí i ndáil le comhlíonadh

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Monatóireacht ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí i scoileanna agus i lárionaid oideachais a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> • Moltaí sainiúla i dtuairiscí scoile maidir le forbairt ghairmiúil • Tuairiscí meastóireachta ar ghnéithe d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí 	<ul style="list-style-type: none"> • Soiléireacht agus sainiúlacht na moltaí maidir le forbairt ghairmiúil múinteoirí i dtuairiscí meastóireachta • Foilsiú tuairiscí i ndáil le forbairt ghairmiúil múinteoirí
Bainsitiú scoile éifeachtach agus ceannaireacht a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> • Úsáid na dtreoirínte féinmheastóireachta <i>'Ag Breathnú ar an Scoil Againne'</i> a chur chun cinn • Moltaí sainiúla i tuairiscí meastóireachta scoile maidir le ceannaireacht scoile, planáil scoile agus athbhreithniú • Comhordú leanúnach agus tacaíocht don chlár forbartha, Forbairt Cheannaireachta do Scoileanna, agus don tionscnamh Planáil Forbartha Scoileanna 	<ul style="list-style-type: none"> • Feasacht fheabhsaithe na mbord scoile agus na bhfoirne bainistíochta inscoile maidir le treoirínte féinmheastóireachta Ag Breathnú ar an Scoil Againne • Soiléireacht agus sainiúlacht na moltaí maidir le héifeachtúlacht bhainistiú scoileanna, phleanáil scoileanna agus ceannaireachta i dtuairiscí meastóireachta • Cáilíocht na tacaíochta a thugtar sa réimse forbartha ceannaireachta do scoileanna
Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair i scoileanna i ndáil le curaclam agus measúnú	<ul style="list-style-type: none"> • Tuairiscí ar cháilíocht fheidhmiú curaclaim ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal • Moltaí sainiúla i dtuairiscí scoile maidir leis an nGaeilge • Moltaí sainiúla i dtuairiscí scoile maidir le measúnú agus gnóthachtan na ndaltaí • Cur chuige sárchleachtais a chur chun cinn maidir le measúnú i scoileanna • Comhairle curtha ar fáil do choistí an NCCA agus do sheirbhísí tacaíochta 	<ul style="list-style-type: none"> • Soiléireacht agus sainiúlacht na moltaí maidir le curaclam agus measúnú sna tuairiscí meastóireachta agus i mionteagaisc

CUSPÓIR 4.2

Tacóimid le forbairt agus le feidhmiú chreat oibre cáilíochtaí náisiúnta dá bhforáiltear faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999 agus tacóimid le comhordú aitheantas cáilíochtaí.

Forálann Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999 do chreat oibre cáilíochtaí náisiúnta a fhorbairt trína bhféadfar gach gnóhachtáil foghlama a thomhas agus a ghaolú lena chéile. Seoladh an creat oibre i nDeireadh Fómhair 2003 agus tá sé á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. Clúdaíonn sé gach dámhachtain sa Stát ar fud na n-earnálacha oideachais agus oiliúna agus soláthraíonn 10 leibhéal cáilíochta ag réimsiú ó oideachas bunúsach agus litearthacht bhunúsach go dtí leibhéal dochtúireachta. Faignean gníomhaíochtaí faoin gcuspóir seo cabhair ón AE faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Is iad na príomhchuspóirí ná rochtain, aistriú agus forchéimniú d'fhoghlaimoírí chuig leibhéil cháilíochta níos airde a chur chun cinn, a chumasú creidmheasanna a charnadh i dtreo dámhachtana agus sásraí a sholáthar do chreidiúnú foghlama roimh ré. Beidh dámhachtainí bunaithe ar thorthaí foghlama – caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí – a bhaint amach a bheidh cuí do gach leibhéal den chreat oibre. Tá an córas deartha chun creidiúnú foghlama a éascú sna hearnálacha foirmiúla agus neamhfoirmiúla agus i suímh phobail agus áite oibre.

Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais an Rialtais atá leagtha amach san **NDP**.

42

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Forbairt agus feidhmiú an chreata oibre cáilíochtaí náisiúnta a chur chun cinn mar a fhoráiltear faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999.	<ul style="list-style-type: none"> An Creat Oibre Cáilíochtaí Náisiúnta Feidhmeanna reachtúla Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna agus Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna a dhéanamh 	<ul style="list-style-type: none"> Dul chun cinn i bhfeidhmiú an chreata oibre cáilíochtaí náisiúnta An líon mac léinn a fhaigheann deimhniú faoi chreat oibre an NQAI An líon mac léinn a fhaigheann deimhniú faoi FETAC agus HETAC
Aitheantas frithpháirteach na gcáilíochtaí le Tuisceart Éireann agus an Ríocht Aontaithe a fheabhsú	<ul style="list-style-type: none"> Aitheantóir réidh d'fhostóirí, d'fhoghlaimoírí agus do sholáthróirí a leagann amach na príomhphointí ailínithe idir na leibhéil cáilíochta in Éirinn agus na leibhéil cáilíochta i dTuisceart Éireann, i Sasanna, in Albain agus sa Bhreatain Bheag. Aitheantas frithpháirteach cáilíochtaí feabhsaithe 	<ul style="list-style-type: none"> Faisnéis a leagann amach na dámhachtainí atá mórán comhionann i leibhéal in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe a fhoilsíú
Aitheantas frithpháirteach na gcáilíochtaí a chur chun cinn trí NQAI, FETAC agus HETAC dul i mbun fóraim AE chun tacú le forbairt a dhéanamh ar chreat oibre cáilíochtaí Eorpach	<ul style="list-style-type: none"> Feabhas ar shoghluaiseacht agus aitheantas cáilíochtaí d'fhoghlaimoírí agus d'fhostaithe 	<ul style="list-style-type: none"> Dul chun cinn i bhfeidhmiú bheartas cáilíochtaí AE
Cur chuige comhordaithe a chinntiú in Éirinn i leith aitheantas frithpháirteach na gcáilíochtaí sna gairmeacha rialaithe i gcomhlíonadh Treoracha ón AE	<ul style="list-style-type: none"> Soghluaiseacht agus aitheantas frithpháirteach 	<ul style="list-style-type: none"> Aiseolas ó gheallsealbhóirí
Feabhas a chur ar cháilíocht na gcóras d'aitheantas dámhachtainí idirnáisiúnta in Éirinn agus chun dámhachtainí chomhlachtaí gairmiúla agus dámhachtainí chomhlachtaí creidiúnaithe eile a chur san áireamh sa chreat oibre cáilíochtaí náisiúnta	<ul style="list-style-type: none"> Príomh-mhíreanna de na feidhmeanna comhordaithe a larnú laistigh d'Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann i gcomhair rochtana feabhsaithe chun tacú le forbairt ionad uileghnó d'aitheantas cáilíochtaí 	<ul style="list-style-type: none"> Aistriú na bhfeidhmeanna atá bainte amach. Córas nua aontaithe agus curtha i bhfeidhm.

CUSPÓIR 4.3

Oibreimid chun tacaíocht a thabhairt don scoth i gcáilíocht teagaisc acadúil agus foghlama san ardoideachas.

Ceanglaíonn Acht na nOllscoileanna (1997) ar ollscoileanna dul i mbun próiseas féinmheastóireachta laistigh dá gcuid ranna éagsúla féin, i dteannta le hathbhreithnithe ag a bpiaraí. Tá réimse freagrachta ag an Údarás um Ardoideachas (HEA) faoin Acht lena chinntiú go bhfuil a leithéid de nósanna imeachta le haghaidh dearbhú cáilíochta ar fáil sna hollscoileanna. Lasmuigh den earnáil ollscoileanna, tá an NQAI, i gcomhpháirtíocht le FETAC agus HEATAC, freagrach as caighdeán a leagan amach do chreidiúnú. Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais an Rialtais mar atá leagtha síos sa Chlár Comhaontaithe don Rialtas, agus Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Cáilíocht teagaisc acadúil agus foghlama ag leibhéal fochéime a choinneáil agus a fheabhsú, iniúchadh a dhéanamh ar ról an mhaoinithe maidir le tacú leis an scoth i gcláir fhochéime agus nósanna imeachta a mheas le haghaidh cúiteamh a thabhairt de bharr gnóthachtáil den scoth ag ranna, dámha agus institiúidí.	<ul style="list-style-type: none"> Tá athbhreithniú HEA den sásra maoinithe athfhillte ag iniúchadh bealaí lena chinntiú go mbíonn dreasacht ann do dhul chun cinn ar phríomhchuspóirí agus go dtugtar luach saothair ar an scoth i dteagasc ag leibhéal institiúide. Tá athbhreithniú neamhspleách ar na nósanna imeachta Dearbhaithe Cáilíochta in ollscoileanna coimisiúnaithe ag an HEA agus ag Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann 	<ul style="list-style-type: none"> Críochnú agus feidhmiú rathúil na moltaí ceadaithe ón dá athbhreithniú.

43

CUSPÓIR 4.4

Cuirfimid múinteoireacht chun cinn mar ghairm agus déanfaimid caighdeán na múinteoireachta a fheabhsú trí Chomhairle Mhúinteoireachta a bhunú.

Bunóidh an Roinn Comhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 chun críocha an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm agus chun cáilíocht na múinteoireachta a chothabháil agus a fheabhsú. Léiríonn an cuspóir sin ár dtiomantas do phróiseas *“cuspóirí coinchréiteacha do chórais oideachais agus oiliúna sa todhchaí”* de chuid an AE. Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais an Rialtais atá leagtha amach in **Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn**.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Comhairle Mhúinteoireachta a bhunú faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001	<ul style="list-style-type: none"> Dáta socráithe do lá an bhunaithe 	<ul style="list-style-type: none"> Lá an bhunaithe le socrú laistigh de thréimhse 12 go dtí 18 mí ón gcead chruinniú de chomhaltaí na Comhairle

CUSPÓIR 4.5

Cuideimid, i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta, le forbairt chomhoibrithe Thuaidh/Theas agus comhghníomhaíochta sa réimse oideachais agus le forbairt chomhoibrithe le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, i Sasana, in Albain, sa Bhreatain Bheag agus sna Stáit Aontaithe.

Tá an Roinn freagrach as forbairt chomhoibrithe agus comhghníomhaíochta i réimse an oideachais idir an dá chuid d'oileán na hÉireann, i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta. Cuirtear an comhoibriú seo ar aghaidh tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas (nsmc) agus, laistigh den chreat sin, déanfar forbairt ar chomhbheartais i reimsí ainmnithe riachtanais oideachais speisialta, tearcghnóthachtáil oideachsúil, gluaiseacht mhúinteoirí agus malairtí scoile, ógra agus múinteoirí. Tá cumas ag an gcomhoibriú seo feabhas a chur ar cháilíocht an tsoláthair oideachais sa dá chuid den oileán. Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais an Rialtais mar atá leagtha síos sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas, Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn** agus sa **NDP**.

44

Straitéisí	Aschuir	Táscarí Feidhmíochta
Forbairt a dhéanamh, laistigh de chreat na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, ar chomhbheartais i reimsí ainmnithe riachtanais oideachais speisialta, tearcghnóthachtáil oideachsúil, gluaiseacht mhúinteoirí agus malairtí scoile, ógra agus múinteoirí	<ul style="list-style-type: none"> Cáilíocht feabhsaithe an tsoláthair oideachais sa dá chuid den oileán Comhghníomhaireacht seachadta a bhunú chun malartú a bhainistiú agus a éascú Scoth-Aonad um Uathachas uileoileánda a bhunú 	<ul style="list-style-type: none"> A mhéid a chuireann comhoibriú le feabhsú cáilíochta an tsoláthair oideachais Dul chun cinn éifeachtúil agus bunú tráthúil na gníomhaireachta malartaithe i 2005 Forbairt leanúnach ar Scoth-Ionad Thuaidh/Theas trí 2005
Tosaíochtaí na Roinne maidir le leithdháileadh cuidithe faoi chlár iomchuí an AE do chomhoibriú Thuaidh/Theas a shainaitheint agus a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> Rannpháirtíocht i gclár ar nós Peace agus Interreg 	<ul style="list-style-type: none"> Comhriaradh rathúil ar thionscainm le Ranna i dTuaisceart Éireann

CUSPÓIR 4.6

Pleanálfaimid agus soláthróimid cóiríocht chostas-oiriúnach le bheith mar bhonn taca do sheacadadh oideachais ar ardchaighdeán.

Tá an Roinn freagrach as pleanáil agus soláthar cóiríochta, troscáin agus trealaimh chun tacú le seacadadh oideachais ar ardchaighdeán. Áirítear leis sin foirgnimh scoileanna nua agus síneadh agus athchóiriú ar chóiríocht scoileanna atá cheana ann. Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais an Rialtais mar atá leagtha síos sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas, Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn** agus sa **NDP**.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Pleanáil mhionsonraithe maidir le soláthar riachtanais cóiríochta ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal	<ul style="list-style-type: none"> Réamh-mheastacháin daltaí do chóiríocht nua An úsáid is fearr a bhaint as an soláthar atá cheana ann lena mbaineann réadú mar is cuí Soláthar oideachasúil treisithe a sheacadadh 	<ul style="list-style-type: none"> Réamhthreathúil maidir le riachtanais Meastóireacht ar bhailíocht réamh-mheastacháin daltaí An líon lárionad ina bhfuil scoileanna cónasctha
Leithdháiltí airgeadais a úsáid d'fhonn cóiríocht nua nó bhreise a sholáthar agus d'fhonn cóiríocht atá ann cheana a nuachóiriú	<ul style="list-style-type: none"> Sruth leanúnach de thionscadail go dtí tógáil a chruthú laistigh de chreat ilbhliantúil Faisnéis do scoileanna agus don phobal maidir le seacadadh tionscadail 	<ul style="list-style-type: none"> Meastóireacht a dhéanamh ar an luach ar airgead a fhaightear le hais na gcaighdeán atá leagtha síos, lena n-áirítear gnáis achair, leagan amach na seomraí agus teorainneacha costais. An líon tionscadal pleanáilte curtha ar aghaidh trí phleanáil ailtireachta An líon tionscadal pleanáilte atá á dtógáil Meastóireacht ar cháilíocht na dtionscadal atá críochnaithe
Cláir shábháilteachta a chur i bhfeidhm maidir le radón, aispeist agus eastóscadh deannaigh i scoileanna.	<ul style="list-style-type: none"> Cláir shábháilteachta leanúnacha maidir le radón, aispeist agus eastóscadh deannaigh i scoileanna lena mbaineann sin. 	<ul style="list-style-type: none"> Céatadán de na scoileanna ina bhfuil cláir shábháilteachta curtha i gcrích
Tuilleadh córas agus nósanna imeachta a fhorbairt maidir le seacadadh tionscadal tógála scoile ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, lena n-áirítear cineachadh meáidithe d'údarais scoile agus iad a chumhachtú	<ul style="list-style-type: none"> Dearthaí athuair cineálacha a úsáid Scéimeanna lena mbaineann cineachadh scoileanna Scéimeanna bunaithe ar chur chuige cónasctha Rialtais Clár Oibreacha Samhraidh Úsáid mhéadaithe ar IT, go háirithe teicneolaíochtaí gréasánbhunaithe, chun cuidiú le bainistiú éifeachtach an chlár tógála agus chun feabhas a chur ar rochtain phoiblí ar fhaisnéis 	<ul style="list-style-type: none"> Córais agus nósanna imeachta feabhsaithe maidir le tionscadail tógála scoile a sheacadadh An líon tionscadal tugtha i gcrích lena mbaineann cineachadh An líon tionscadal tugtha i gcrích trí scéimeanna oibreacha samhraidh An líon tionscadal tugtha i gcrích bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta le Ranna Rialtais/Gníomhaireachtaí eile Sástacht na bpáirtithe leasmhara le córais faisnéise feabhsaithe

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Samhlacha na Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí (PPP) a fhorbairt le haird ar thaithí foghlama na céime píolótaí	<ul style="list-style-type: none"> Seachadadh tráthúil ar fhoirgnimh scoile Aistriú riosca cuí chuig comhpháirtí na hearnála príobháidí Tosach tionscadail níos faide ná an leibhéal a d'fhéadfaí go huile agus go hiomlán faoin tsamhail maoinithe go díreach ón státchiste 	<ul style="list-style-type: none"> An líon tionscadal nua PPP Mionathruithe ar an tsamhail a úsáideadh sa chéim píolótach sainaitheanta Asitrithe riosca aitheanta go hiomlán An líon tionscadal seachadta in am nó roimh an tráth beartaithe
Cur chuige níos oscailte agus níos rannpháirtí a fhorbairt i leith cinntí pleanála	<ul style="list-style-type: none"> Dréachtphleananna forbartha limistéir a fhoilsiú Comhairliúchán poiblí déanta ag an gCoimisiún um Chóiríocht Scoile Pleananna forbartha limistéir a chur ar fáil 	<ul style="list-style-type: none"> An líon dréachtphleana limistéir a fhoilsítear An leibhéal idircheangail poiblí An líon pleananna ceantair tugtha chun críche
Forbairt láthair Ghráinseach Gormáin i mBaile Átha Cliath a éascú mar champas nua-aimseartha d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	<ul style="list-style-type: none"> An Bille um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin, 2004 a achtú 	<ul style="list-style-type: none"> Gníomhaireacht Stáit a bhunú chun láthair Ghráinseach Gormáin a fhorbairt Comhaltaí a cheapadh Rannpháirtíocht an phobail áitiúil agus gheallsealbhóirí eile sa tionscadal

CAIBIDIL 6

Ag Forbairt Ár nAcmhainn Soláthair

SPRIOC ARDLEIBHÉIL 5

Tacóimid le soláthar oideachais trí
ardchaighdeán i bpleanáil, i gceapadh beartais
agus i seirbhísí do chustaiméirí.

RÁITEAS
STRAITÉISE
2005 ► 2007

CUSPÓIR 5.1

Cruthóimid acmhainn níos fearr laistigh den Roinn le díriú ar ár bhfeidhmeanna lárnacha, go háirithe an phleanáil straitéiseach.

Tá an clár um leasú struchtúrach, a bhí pleanálte agus feidhmithe le roinnt blianta anuas, beagnach tugtha chun críche anois. I 2005 aistrefar feidhmeanna go dtí an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus glacfar le ról oibríochta díreach le himlonnú 80 Eagraí Riachtanais Oideachais Speisialta. Leanfar le leathadh amach na n-oifigí réigiúnacha i 2005.

48

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
<p>Leanúint den chlár um leasú struchtúrach a chur i bhfeidhm laistigh den Roinn agus cuidiú le bainisteoirí agus leis an bhfoireann seirbhísí ardchaighdeán oideachais a sheachadadh trína chinntiú go mbíonn eagraíochtaí, struchtúir agus próisis éifeachtúil.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Aistriú feidhmeanna ón Roinn go dtí an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a thabhairt chun críche • An struchtúr oifigí réigiúnacha de 10 n-oifig ag lánoibriú • Feidhmiú leanúnach ar struchtúir, phróisis agus chórais fheabhsaithe • An fhreagracht d'Institiúidí Teicneolaíochta a aistriú go dtí an tÚdarás um Ardoideachas • Athleasú ar raon próiseas riaracháin, lena n-áirítear sásraí maoinithe lárnacha do scoileanna, comhtháthú párolla, níos mó freagrachta a tharmligean chuig scoileanna agus córas bainistithe taifead nua-aimseartha a fhorbairt. 	<ul style="list-style-type: none"> • Soláthar feabhsaithe seirbhísí do dhaltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu • Deich nOifig Réigiúnach ann. • Feidhmiú leanúnach na bpróiseas nua aomhairc do leithdháiltí múinteora ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal • An reachtaíocht leasaitheach a fhoilsíú • Creat ama comhaontaithe a chomhlíonadh do leasuithe aonair

CUSPÓIR 5.2

Déanfaimid foireann a earcú, a eagrú agus a fhorbairt, agus tacóimid leo, lena chur ar a gcumas cur go hiomlán le cultúr dea-bhainistithe, bunaithe ar fheidhmíocht agus le timpeallacht oibre atá oscailte agus dearfach.

Tá feidhmiú rathúil an athraithe eagraíochtúil, agus na straitéisí atá leagtha amach sa ráiteas seo, ag brath go mór ar thiomantas, eolas, scileanna agus inniúlachtaí fhoireann na Roinne. Is cuspóirí lárnacha de bheartais bhainistithe acmhainní daonna na Roinne iad earcú agus imlonnú leibhéal dhóthanaigh d'acmhainní foirne agus cumas na foirne a mhéadú ag teacht le héilimh athraitheacha. Tacaíonn an cuspóir sin freisin le bearta beartais an Rialtais atá leagtha amach in **Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn**.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Tiomantais i Straitéis Acmhainní Daonna (HR) na Roinne a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> Beartais comhaontaithe tríd an bpróiseas Comhpháirtíochta, i ndáil le promhadh, insealbhú, soghluaiseacht etc. 	<ul style="list-style-type: none"> Tiomantais a sheachadadh laistigh de chreat ama
Beartais maidir le planáil foirne, earcú, ardú céime agus socrúchán a fheabhsú go leanúnach ag teacht le héilimh athraitheacha, lena n-áirítear dílárú	<ul style="list-style-type: none"> Fostaithe atá tiomanta don eagraíocht agus a mbeidh ar a gcumas seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil Imlonnú cuí foirne ag ceangal tréithe aonair de réir riachtanas agus fós deiseanna a sholáthar do dhaoine den fhoireann a sraith scileanna a leathnú 	<ul style="list-style-type: none"> Fáil ar phainéil chun folúntais inmheánacha a líonadh
Feidhmíocht na ndaoine aonair a fheabhsú trí oiliúint a chur ar fáil i gcomhair riachtanas agus inniúlachtaí sainaitheanta	<ul style="list-style-type: none"> Clár cuimsitheach d'idirghabhálacha oiliúna dírithe ar a chur ar chumas gach fostaí a lánacmhainneacht a fhorbairt 	<ul style="list-style-type: none"> Caiteachas ar oiliúint agus ar fhorbairt a bheith comhionann le 4% ar a laghad de chostais phárolla fostaithe An líon laethanta oiliúna An líon laethanta oiliúna de réir fostaí
Straitéis Oiliúna agus Forbartha a fhorbairt laistigh de chomhthéacs bheartas foriomlán na Státseirbhíse agus Straitéis HR na Roinne	<ul style="list-style-type: none"> Straiteis Oiliúna agus Forbartha comhaontaithe tríd an bpróiseas Comhpháirtíochta 	<ul style="list-style-type: none"> Straitéis Oiliúna agus Forbartha a fhoilsiú
Cóiríocht a sholáthar agus a chothabháil mar aon le seirbhísí eile don fhoireann, agus féachaint cuige go gcomhlíontar riachtanais sláinte agus sábháilteachta	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhísí agus cóiríocht feabhsaithe a sheacadadh go leanúnach don fhoireann An reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh trí bhearta rialaithe a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach i Ráiteas Sábháilteachta na Roinne agus trí athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta de réir mar is gá 	<ul style="list-style-type: none"> Timpeallacht oibre ar ardchaighdeán a chothabháil d'fhoireann na Roinne Bearta rialaithe an Ráitis Sábháilteachta a sheacadadh Athbhreithnithe ar an ráiteas sábháilteachta de réir mar is gá
Beartas chomhionannas inscne a fhorbairt laistigh de chomhthéacs bheartas foriomlán na Státseirbhíse agus Straitéis HR na Roinne	<ul style="list-style-type: none"> Beartas Chomhionannas Inscne comhaontaithe tríd an bpróiseas Comhpháirtíochta 	<ul style="list-style-type: none"> Beartas Chomhionannas Inscne a fhoilsiú Céatadán de na poist AP a bhíonn ag mná Céatadán de na poist PO a bhíonn ag mná
Ceapachán dhaoine faoi mhíchumas a éascú	<ul style="list-style-type: none"> Fostaithe faoi mhíchumas a éascú trí theicneolaíocht chuiditheach etc a sholáthar 	<ul style="list-style-type: none"> Céatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas

CUSPÓIR 5.3

Tacóimid le bainisteoirí agus leis an bhfoireann chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil go héifeachtúil laistigh de chreat straitéiseach a thabharfaidh luach ar airgead.

Comhordóidh an Roinn feidhmiú an chláir nuachóirithe don earnáil phoiblí, agus tacóidh sí leis an bhfeidhmiú sin. Áirítear leis sin cultúr seirbhísí do chustaiméirí a chur chun cinn agus cuidiú le bainisteoirí seirbhísí custaiméirí ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais an Rialtais atá leagtha amach i gcomhaontuithe comhpháirtíochta sóisialta agus faoin **Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach**.

50

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
An clár nuachóirithe don earnáil phoiblí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne	<ul style="list-style-type: none"> Tiomantais an chláir nuachóirithe a chur i bhfeidhm Plean Gnó Bliantúil do na rannóga agus don Roinn Tuarsacáil Bhliantúil Struchtúir chomhpháirtíochta le clár oibre sonraithe Feidhmiú an chláir nuachóirithe ag comhlachtaí faoi choimirce na Roinne 	<ul style="list-style-type: none"> Tuarascálacha dul chun cinn sásúla chuig an CSPVG ar an gclár nuachóirithe Pleananna gnó Rannóg agus Roinne a chríochnú go tráthúil Tuarsacáil bhliantúil a fhoilsiú gach bliain Forbairt an phróisis Chomhpháirtíochta Dul chun cinn i bhfeidhmiú an chláir nuachóirithe ag comhlachtaí faoi choimirce na Roinne
Cultúr seirbhíse custaiméirí ar ardchaighdeán (QCS) a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> Feabhas ar an tseirbhís custaiméirí trí na tiomantais atá sa Chairt Chustaiméirí agus sa Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméirí 2004-2007 a chur i bhfeidhm Tuairimí agus gearáin QCS láimhseáilte ag baint úsáide as nósanna imeachta na Roinne Plean Gníomhaíochta Inmheánach Seirbhíse Custaiméirí forbartha QCS neadaithe sna próisis bhainistithe 	<ul style="list-style-type: none"> Dul chun cinn ar fheidhmiú measta go bliantúil agus tuairiscithe i dTuarascáil Bhliantúil Córas éifeachtach tuairimí agus gearán a bheith ann Plean Gníomhaíochta Inmheánach Seirbhíse Custaiméirí a bheith ann QCS curtha san áireamh sa phróiseas pleanála gnó, sa PMDS agus i gclár oiliúna don fhoireann
Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh	<ul style="list-style-type: none"> Scéim 2005-2007 ag sainathint na bhfeabhsúchán i roinnt seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge Foilseacháin ar fáil go comhuaineach trí Ghaeilge 	<ul style="list-style-type: none"> Feabhas ar an leibhéal seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge

CUSPÓIR 5.4

Cuirfimid seirbhísí IT ar fáil laistigh dár n-eagraíocht, a thacaíonn le ceapadh beartais, le meastóireacht beartais agus le bealaí nua-aimseartha, éifeachtúla le seirbhísí a chur ar fáil dár gcliaint.

Tá seirbhísí IT thar a bheith tábhachtach chun feidhmeanna na Roinne a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil. Táimid tiomanta, go háirithe, d'fhorbairt ríomhsheirbhísí an Rialtais amach anseo agus tá sé ar intinn againn seirbhísí idirghníomhacha gréasánbhunaithe a fheidmiú i rith na tréimhse atá clúdaithe ag an ráiteas seo. Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais an Rialtais atá leagtha amach sa **Chlár Comhaontaithe don Rialtas, Ag Coinneáil an Dul chun Cinn**, sa **NDP**, agus i **Naisc Nua**, straitéis an Rialtais chun lánacmhainneacht na Sochaí Faisnéise a bhaint amach.

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Seirbhísí agus córais IT atá cheana ann a oibriú, a chothabháil, a fheabhsú, a uasghrádú agus tacú leo	<ul style="list-style-type: none"> Córais, líonra agus seirbhísí oibríochta IT, a bheidh slán agus intaofa, d'fhoireann na Roinne Bogearraí agus cruá-earraí cothrom le dáta mar bhonn taca do chórais agus do sheirbhísí a sheachadadh Tacaíocht don fhoireann in úsáid chórais agus sheirbhísí IT 	<ul style="list-style-type: none"> An méid "aga neamhfhónaimh" ar chroisheirbhísí IT An méid seirbhísí feabhsaithe a bhíonn curtha i bhfeidhm, ar nós cianrochtain feabhsaithe agus seirbhísí Inlín Freagra éifeachtúil ar iarratais ar chúnamh agus tacaíocht
An tionscadal <i>Education Services Interactive (ESI)</i> a chur i bhfeidhm, a chuirfidh ar bun suíomh gréasáin tairsí le gníomhú mar "ionad uileghnó" maidir le soláthar slán ar sheirbhísí idirghníomhacha ríomhsheirbhísí an Rialtais chuig scoileanna, lárionaid oideachais agus grúpaí príomhchliant eile.	<ul style="list-style-type: none"> <i>Córas Éileamh ar Líne (OLCS)</i> chun tacú le próiseáil éileamh d'íocaíocht do mhúinteoirí ionadaíochta agus d'fhostaithe páirtaimseartha eile Seirbhísí ar-líne eile ar bhun céimíthe 	<ul style="list-style-type: none"> Feidhmiú an Chórais Éileamh ar-Líne (OLCS) An líon scoileanna atá ag baint úsáid as Chóras Éileamh ar-Líne (OLCS)
Córais nua IT a fheidhmiú chun tacú le hobair aonaid ghnó na Roinne	<ul style="list-style-type: none"> Córais nua, nó feabhsúcháin shuntasacha ar na córais atá cheana ann, chun freastal ar riachtanais na n-aonad gnó m.sh. Córas Pearsanra nua ag tacú le cleachtais fheabhsaithe HR, feabhas ar phárollaí múinteoirí, agus córais Pleanála & Tógála Scoileanna 	<ul style="list-style-type: none"> Feidhmiú tráthúil agus éifeachtach na gcóras cáilíochta Leibhéal feabhsaithe i bpróisis aonaid ghnó agus i rochtain ar fhaisnéis

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
<p>A chinntiú go mbíonn teicneolaíochtaí nua (fís-chomhdhálacha agus ríomhbhothanna) ar fáil in Oifigí Réigiúnacha</p>	<ul style="list-style-type: none"> Faisnéis curtha ar fáil ar láithreán inlíon agus ar láithreán gréasáin na Roinne. Cruinnithe idir an pobal agus rannóga lárnacha den Roinn a éascú trí úsáid a bhaint as fís-chomhdhálacha. 	<ul style="list-style-type: none"> An líon fiosruithe a réitítear ag úsáid córais IT Láithreáin cothrom le dáta le faisnéis ábhartha agus cruinn An méid coigiltis de bharr laghdú ar thaisteal chuig cruinnithe. A mhéid a fhéadfaidh an pobal rochtain a fháil ar fhaisnéis trí úsáid a bhaint as leathanach gréasáin agus seirbhísí idirlín na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.
<p>Córas IT nua Bainistíochta Airgeadais a fhorbairt agus a fheabhsú ag teacht le cuspóirí an SMI, chlár nuachóirithe na seirbhíse poiblí agus an Chreata Faisnéise Bainistíochta</p>	<ul style="list-style-type: none"> Córas feabhsaithe Bainistíochta Airgeadais ag tacú le planáil agus rialú feabhsaithe laistigh den Roinn trí thuairiscí bainistíochta níos fearr/feabhsaithe, chomh maith le soláthar éifeachtach agus éifeachtúil ar sheirbhísí airgeadais agus ar sheirbhísí eile d'fhoireann agus do bhainistíocht na Roinne Córas Pearsanra nua ag tacú le nósanna imeachta feabhsaithe Acmhainní Daonna 	<ul style="list-style-type: none"> Feabhas ar cháilíocht, tráthúlacht agus cruinneas na faisnéise airgeadais a chuirtear ar fáil. Cumas na foirne chun fiúntas a fháil ó na córais nua a mheádu. Leibhéal feabhsaithe ar phróisis bhainistíochta airgeadais agus HR agus i rochtain ar fhaisnéis ghaolmhar Cáilíocht agus cruinneas na faisnéise a chuireann na córais nua ar fáil

CUSPÓIR 5.5

Soláthroidimid raon feidhmeanna agus tacaíochtaí airgeadais a bheidh mar bhonn taca do bhainistiú feabhsaithe airgeadais i soláthar seirbhísí oideachais, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn maidir le bearta oideachsúla agus atá maoinithe i bpáirt ag an Aontas Eorpach agus atá inchorpraithe sa Phlean Forbartha Náisiúnta do 2000-2006.

Cuireann an Roinn raon feidhmeanna airgeadais agus seirbhísí tacaíochta ar fáil atá mar bhonn taca do sholáthar seirbhísí oideachais agus a chuireann le gnóthachtáil ár gcuspóirí foriomlána. Tá soláthar de €6.7 billiún don earnáil oideachais san NDP agus tá socruithe do €457 milliún i gCistí Struchtúracha déanta ag Creat Tacaíochta an Chomhphobail Eorpaigh d'Éirinn 2000-2006 le haghaidh bearta san earnáil oideachais.

53

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Creat cuntasáochta cuí agus córas airgeadais/bainistíochta/rialaithe a oibriú	<ul style="list-style-type: none"> Cuntais Leithreasa Bliantúla Taifid airgeadais laethúla agus míosúla 	<ul style="list-style-type: none"> Bainteach le Spriocamanna – spriocamanna laethúla agus míosúla leis an PMG/an Roinn Airgeadais
Meastacháin agus Meastacháin Fhorlionsa a ullmhú agus a phlé de réir tosaíochtaí leithdháilte acmhainní	<ul style="list-style-type: none"> Meastacháin Oideachais bhliantúla agus staitisticí airgeadais 	<ul style="list-style-type: none"> Cloí le hamscálaí agus spriocdhátaí – cáilíocht agus cruinneas na faisnéise
Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar bhonn incriminteach ar an gcur i láthair feabhsaithe téamúil/ar bhonn cláir i leith struchtúr an vóta sa Leabhar Meastachán tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais	<ul style="list-style-type: none"> Comhdhlúthú ar na míreanna sna meastacháin a éascaíonn bainistiú airgeadais Meastachán ar na sonraí a chuirtear i láthair i bhformáid a sholáthraíonn an tsoiléireacht is mó do na geallsealbhóirí 	<ul style="list-style-type: none"> Athruithe chur i láthair na himleabhair fhoilsithe Meastachán
Plean iniúchta inmheánaigh bliantúil a fheidhmiú	<ul style="list-style-type: none"> Iniúchtaí curtha i gcrích agus tuairisciú déanta orthu 	<ul style="list-style-type: none"> Tráthúlacht agus cáilíocht na dtuarascálacha iniúchta Gníomh déanta de bhua moltaí
Beartas aoisliúntais a fhorbairt do mhúinteoirí, do léachtóirí agus d'fhoireann eile na hearnála oideachais atá ar scor	<ul style="list-style-type: none"> Leasuithe ar fhorálacha aoisliúntais 	<ul style="list-style-type: none"> Ciorclán eisithe go tráthúil Aimhrialtachtaí bainte amach
Tacú le seirbhísí oideachais a chur ar fáil trí leithdháileadh uasta a chinntiú agus tarraingt anuas ar chuidiú ó Chistí Struchtúracha na hEorpa a chinntiú agus an leas is fearr a bhaint astu	<ul style="list-style-type: none"> Tarraingt anuas ar chuidiú airgeadais do sheirbhísí oideachais ó Chreat Tacaíochta an Chomhphobail 	<ul style="list-style-type: none"> Tarraingt anuas uasta ar leithdháileadh ón ESF agus an ERDF in imeacht shaolré an NDP agus faoi spriocdhátaí an AE

CUSPÓIR 5.6

Cuirfimid dea-chleachtas caidreamh tionsclaíoch chun cinn ar fud earnáil an oideachais agus spreagfaimid nuachóiriú na hearnála trí phróiseas comhpháirtithe, agus tacóimid leis an nuachóiriú sin.

Soláthraíonn an Roinn creat caidreamh tionsclaíoch ag leibhéal náisiúnta d'fhonn caidrimh thionsclaíocha a bhainistiú san earnáil oideachais i gcoitinne. Tacaímid freisin le nuachóiriú na hearnála trí phróiseas comhpháirtíochta. Tacaíonn an cuspóir sin le bearta beartais an Rialtais atá leagtha amach in **Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn** agus, go háirithe, i mbeartas pá poiblí an Rialtais.

54

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Caidrimh thionsclaíocha a chomhordú agus a bhainistiú le grúpaí agus ceardchumainn san earnáil oideachais trí phróisis agus struchtúir chomhaontaithe	<ul style="list-style-type: none"> • Dea-Caidrimh thionsclaíocha • Comhaontuithe maidir le pá agus coinníollacha laistigh de ghnás na seirbhíse poiblí • Scálaí tuarastail ceadaithe 	<ul style="list-style-type: none"> • Íosmhéid de ghníomhaíocht thionsclaíoch • Socruithe laistigh de threoirínte beartais phá • Ceisteanna a réiteach trí phróisis chomhaontaithe um chaidreamh tionsclaíoch
Nuachóiriú agus forbairt struchtúir chomhpháirtíochta a chur chun cinn agus a fhorbairt i ngach foras oideachais a fhaigheann maoiniú poiblí	<ul style="list-style-type: none"> • Clár nuachóirithe • Socruithe comhpháirtíochta a bhunú i bhforais ar fud na hearnála oideachais 	<ul style="list-style-type: none"> • Socruithe comhpháirtíochta ag oibriú go rathúil • Leibhéal feidhmithe an chláir nuachóirithe san earnáil

CUSPÓIR 5.7

Tacóimid le riarachán feabhsaithe agus pleanáil réamhbhreathnaitheach trí mholtaí beartais agus reachtaíochta a fhorbairt agus trí staitisticí oideachais ábhartha a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu.

Agus beartas á fhorbairt, beidh aird ag an Roinn ar an timpeallacht bhunreachtúil agus dhlíthiúil ina bhfeidhmíonn an córas oideachais agus déanfaidh sí deimhin de go bhfreastalófar ar riachtanais na timpeallachta sin sa chreat beartais foriomlán. Éilíonn an creat reachtúil agus rialála atá mar bhonn taca do bheartas go ndéantar athbhreithiú rialta chun ábharthacht leanúnach agus íoslaghdú an ualaigh rialála a chinntiú. Sa chomhthéacs seo, tionscnaíodh athbhreithniú comhoibríoch ar an ualach riaracháin ar scoileanna.

Chomh maith leis sin, tá scaipeadh cruinn, tráthúil agus ábhartha ar staitisticí agus anailís oideachais fíor-riachtanach do riarachán agus pleanáil don todhchaí ionas go bhféadfar riachtanais an tsoláthair agus an éilimh oideachais reatha, agus a bheidh amach anseo ann, a chomhlíonadh. Caithear tógáil ar na staitisticí atá cheana ann chomh maith le foinsí nua sonraí a fhorbairt.

55

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Athbhreithniú ar mholtaí beartais, go háirithe iad sin a éilíonn reachtaíocht, le súil agus ceisteanna bunreachtúla nó dlíthiúla a réiteach Reachtaíocht príomhúil agus thánaisteach a ullmhú	<ul style="list-style-type: none"> Feidhmiú reachtaíochta Rannpháirteach i gcomhairliúcháin le geallsealbhóirí iomchuí Mionteagasc a thabhairt ar reachtaíocht laistigh de 1 lá ó iarrtar sin 	<ul style="list-style-type: none"> Tascanna a bheith críochnaithe faoin dáta dlite
Freagairt d'iarratais faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise	<ul style="list-style-type: none"> Gach iarratas Saorála Faisnéise a fhreagairt de réir an Achta agus a chuid teorainneacha ama 	<ul style="list-style-type: none"> Laghdú sa líon achomharc a seasann OIC leis
Dul chun cinn maidir le Straitéis Feidhmithe Sonraí tar éis athbhreithniú na Príomh-Oifige Staidrimh ar shealbhú sonraí sa Roinn i 2003	<ul style="list-style-type: none"> Méadú ar úsáid PPSN 	<ul style="list-style-type: none"> Úsáid PPSN ar imeachtaí cuí nua
Comhairliúchán agus comhaontú ar fhoirm iontrála chaighdeánach a fhorbairt ag gach leibhéal	<ul style="list-style-type: none"> Caighdeánú ar an bhfaisnéis a bhailítear ar iontráil ag an gCéad Leibhéal, ag an Dara Leibhéal, ag Leibhéal Breisoideachais agus ag an Tríú Leibhéal (ar príomhthréithe déimeagrafaíochta agus socheacnamaíochta na mac léinn) 	<ul style="list-style-type: none"> Foirm chaighdeánaithe a fheidhmiú go hiomlán ag gach leibhéal laistigh de thréimhse ama an Ráitis seo.
Anailís ar threochtaí sonraí agus ar leithdháileadh caiteachais, clárú (lena n-áirítear coinneáil) agus múinteoirí.	<ul style="list-style-type: none"> Anailísí tréimhsiúla agus teilgin maidir le clárú, caiteachas, coinneáil mac léinn agus ceanglais ghaolmhara mhúinteoireachta 	<ul style="list-style-type: none"> Tuarascálacha anailíseacha a thabhairt chun críche go tráthúil
Sonraí ar chlárú, múinteoirí, caiteachas agus céimithe a thabhairt d'eagraíochtaí idirnáisiúnta	<ul style="list-style-type: none"> Príomhchomparáidí idirnáisiúnta a fhoilsiú agus mionteagasc beartasbhainteach a sholáthar 	<ul style="list-style-type: none"> Sonraí a sholáthar go tráthúil d'eagraíochtaí idirnáisiúnta iomchuí.
Sonraí a bhailiú, a phróiseáil, a thiomsú agus a anailísiú.	<ul style="list-style-type: none"> (i) Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil, (ii) Bileog sraithe ama, (iii) Oideachas in Éirinn agus (iv) tuarascálacha staitistiúla téamúla tréimhsiúla (lena n-áirítear comhionannas inscne). 	<ul style="list-style-type: none"> Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil a fhoilsiú laistigh de d'aon bhliain amháin ó dheireadh na scoilbhliana tuairiscithe

CUSPÓIR 5.8

Feidhmeoimid an chuid sin de chlár díláraithe an Rialtais a bhaineann le hoifigí Bhaile Átha Cliath na Roinne a athlonnú go dtí an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain.

Tá plan feidhmithe tosaigh ullmhaithe ag an Roinn cheana d'aistriú thart ar 400 duine den fhoireann go dtí an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain, agus tá an plan curtha faoi bhráid an Ghrúpa Feidhmithe Díláraithe aici.

I mí na Samhna 2004, cheadaigh an Rialtas togra an Ghrúpa Feidhmithe an Roinn a chur san áireamh i ngrúpa de dhaoine a d'fhéadfadh aistriú go luath. Tá tús curtha ag an Roinn anois le próiseas planála níos mionsonraithe atá riachtanach chun éifeacht a thabhairt don chinneadh sin.

56

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar an bplan feidhmithe chun athlonnú réidh fhoireann na Roinne go dtí an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain a chinntiú de réir Chinneadh agus chreataí ama is deireanaí an Rialtais.</p> <p>A chinntiú gur ann do struchtúir chuí chun an clár díláraithe a fheidhmiú de réir mar a bhaineann sé leis an Roinn</p> <p>Cuidiú ag leibhéal lárnach le Grúpa Oifigigh Idirchaidrimh an Díláraithe chun saincheisteanna HR agus IR a réiteach</p> <p>Straitéisí oiliúna cuí a fhorbairt i gcomhar leis an CMOD</p> <p>Oibriú go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí lena chinntiú go gcuirtear caighdeán ard cóiríochta ar fáil in am</p>	<ul style="list-style-type: none"> Aistriú de réir a chéile na foirne atá toilteanach dílárú go dtí rannóga cuí den Roinn. Coiste Stiúrtha a bhunú chun feidhmiú a mhaoirsiú. Tuarascáil chuimsitheach ar mheasúnú riosca don Roinn Oideachais agus Eolaíochta Plean cumarsáide, plan oiliúna foirne, plan IT, plan cóiríochta, plan HR a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Páirteachas i nGrúpa Oifigigh Idirchaidrimh na Roinne chun cur chuige comhordaithe ar shaincheisteanna IR agus HR a chinntiú. Cuidiú le gach saincheist a bhaineann le cóiríocht a réiteach. 	<ul style="list-style-type: none"> An fhoireann oilte go hiomlán agus in oifigí díláraithe atá ag feidhmiú go hiomlán gan aon chur isteach ná laghdú ar cháilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Bacainní/rioscaí aitheanta go luath agus bearta maolaithe curtha i bhfeidhm Aistrithe foirne (isteach agus amach) ag dul ar aghaidh go réidh gan cur isteach ar sheirbhísí riachtanacha. An oiliúint riachtanach déanta ag an bhfoireann go léir. Lámhleabhair oiliúna praiticiúla ann. Saincheisteanna HR agus IR réitithe go sásúil. Cóiríocht ar ardchaighdeán curtha ar fáil in am agus de réir an phlean feidhmithe

CUSPÓIR 5.9

Sa chomhthéacs luach níos fearr ar airgead a bhaint amach, athchóiriú bhainistiú soláthair a chur chun cinn trí bheartais, phróisis agus chleachtais a fhorbairt mar thaca le cur chuige níos straitéisí i leith soláthair sa Roinn agus i gcomhlachtaí dá bhfuil sí freagrach.

Is féidir le cur chuige níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla i leith beartas, nósanna imeachta agus cleachtais soláthair ag comhlachtaí poiblí tionchar suntasach a bheith aige ar cheannach agus úsáid earraí agus seirbhísí ag an Stát. Tá siad seo tábhachtach sa chomhthéacs socruithe rialchais agus cuntasachta a fheabhsú agus a neartú agus torthaí luach ar airgead a bhaint amach do chaiteachas suntasach ar earraí agus seirbhísí a fháil ag an Stát.

Baineann bearta tógála acmhainne, oiliúna agus oideachais mar aon le comhbhailiú soláthair leis an bpróiseas athchóirithe. Tá na piléir athchóirithe sin á bhforbairt agus á leathadh amach i gcomhar le bearta incriminteacha ríomhfhála.

57

Straitéisí	Aschuir	Táscairí Feidhmíochta
Idirchaidreamh leis an Aonad Náisiúnta um Beartas Soláthair (NPPPU) na Roinne Airgeadais.	<ul style="list-style-type: none"> Nósanna imeachta soláthair athbhreithnithe i bhfianaise an doiciméid athchóirithe atá le cur ar fáil ag Aonad Náisiúnta um Beartas Soláthair (NPPPU) na Roinne Airgeadais (2005). 	<ul style="list-style-type: none"> Beartas, nósanna imeachta agus cleachtais soláthair éifeachtacha agus éifeachtúla.

CAIBIDIL 7

Ag Díriú ar Riachtanais ár gCliaint

RÁITEAS
STRAITÉISE
2005 ► 2007

CÉ HIAD ÁR GCLIANT?

Bíonn baint dhíreach nó indíreach ag gach duine in Éirinn le hoideachas am éigin ina saol. Bíodh sin mar mac léinn, mar thuismitheoir, mar mhúinteoir, mar fhostóir, mar fhostaí nó mar dhuine den phobal. Ina theannta sin, bíonn go leor daoine rannpháirteach i gcumainn tuismitheoirí, i mboird bhainistíochta scoile, in gcomhlachtaí ceannais fhórais tríú leibhéal, i gCoistí Gairmoideachais (VECanna) nó i gcomhlachtaí eile a mbíonn baint acu le seirbhísí oideachais a fhorbairt agus a sheachadadh.

Cé go bhfuil baint ag an Roinn le réimse cuimsitheach seirbhísí a chur ar fáil do níos mó ná milliún mac léinn, is le soláthróirí díreacha na seirbhísí sin – le scoileanna, le coláistí agus le hollscoileanna – a bhíonn formhór na mac léinn ag déileáil. Is iad na Soláthróirí Seirbhíse Oideachais, i.e. múinteoirí, bainistíocht scoileanna agus coláistí agus eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí oideachais, príomhchustaiméirí na Roinne. Is grúpaí cliant tábhachtacha don Roinn freisin iad an Rialtas, comhaltaí an Oireachtais agus na Comhpháirtithe Sóisialta.

Malartaíonn ár bhfoireann, mar chustaiméirí inmheánacha, réimse leathan seirbhísí ar bhonn laethúil sa Roinn. Táimid tiomanta a chinntiú go bhfaigheann ár bhfoireann, mar chustaiméirí inmheánacha, tacaíocht iomlán agus go mbíonn siad lánfheistithe chun a feidhmeanna a dhéanamh.

60

FREASTAL AR RIACHTANAI ÁR GCLIANT

Éilíonn foghlaimeoirí, tuismitheoirí, oideachasóirí agus daoine eile caighdeán arda seirbhíse, cuntasacht níos fearr agus pleanáil ar ardchaighdeán chun freastal ar riachtanais oideachais amach anseo, agus an ceart sin acu. Mhéadaigh athruithe tapaidh geilleagair agus sóisialta feasacht an phobail faoi chaighdeán oideachais, agus ní mór do sholáthróirí oideachais déileáil le timpeallacht atá ag fáil níos casta agus níos éagsúla agus brú breise ar acmhainní ag an am céanna.

Chun a ráiteas misin agus a cuspóirí ardleibhéil a bhaint amach, tá an Roinn tiomanta do sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar, seirbhísí a fhreastalaíonn ar riachtanais ár gcuid custaiméirí agus cliant, go háirithe foghlaimeoirí, ag gach leibhéal. Léirítear an tiomantas sin sa phróiseas bainistíochta feidhmíochta, próiseas ina n-aithnítear seirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí a bheith in lár-inniúlacht do gach duine den fhoireann.

Tá sé ag teacht go hiomlán freisin le cuspóir lárnach an phróisis nuachóirithe san earnáil phoiblí – seirbhís den scoth a bhaint amach don Rialtas agus don phobal, mar chustaiméirí agus mar chliant.

SEIRBHÍS AR ARDCHAIGHDEÁN A CHUR AR FÁIL

Tá sé mar aidhm ag an Roinn seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ina raon leathan feidhmeanna agus gníomhaíochtaí. Tugann an *Chairt Chustaiméirí* tuairisc ar an leibhéal seirbhíse a bhféadfar a bheith ag súil leis de réir na 12 prionsabal maidir le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS). Is ann do chóras Tuairimí agus Gearán chun cabhrú le daoine nach bhfuil sásta go bhfuil an tseirbhís a fuair siad ag teacht lenár dtiomantais seirbhíse ar ardchaighdeán nó leis na prionsabail cothromaíochta agus dea-chleachtas riaracháin a bhfuil glacadh go ginearálta leo.

Tugann *Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2004-2007* imlíne ar na seirbhísí a sholáthraímid agus ar ár dtiomantais chun feabhas a chur ar na seirbhísí sin. Tá sé bunaithe ar chur chuige atá dírithe ar sheirbhís trí phleananna seirbhíse do chustaiméirí a fhorbairt ag leibhéal rannóige/aonaid. Tugann sé bealach chun seirbhísí agus gníomhaíochtaí a mheas agus a fhorbairt ag teacht leis an 12 Prionsabal QCS.

Leanfaidh an Roinn de chórais a bhunú chun a chaighdeán soláthair seirbhíse a thomhas agus a mheas. Táimid tiomanta do thógáil ar mheastóireacht leanúnach a dhéanamh ar gach seirbhís dár gcuid, chun soláthar seirbhíse ábhartha, ar ardchaighdeán a chinntiú. Tá rannpháirtíocht na foirne i gcroílár bheartas na Roinne maidir le feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse. Leanfaimid ar aghaidh ag dul i mbun comhchomhairle leis an bhfoireann go díreach agus tríd an Líonra Idirchaidrimh um Sheirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus tríd an gCoiste Comhpháirtíochta.

Cinnteoimid forbairt agus feidhmiú éifeachtach beartais agus reachtaíochta atá ag teacht chun cinn i gcomhpháirtíocht le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le bainistíocht scoileanna, ag féachaint do rochtain, caighdeán, éifeachtacht agus cuntasacht a chur chun cinn i gcúrsaí oideachais. Leathnóimid agus forbróimid ár gcomhchomhairle le custaiméirí freisin faoi sholáthar seirbhísí trí úsáid a bhaint as fócasghrúpaí.

AN LEAS IS FEARR A BHAINTEAS AN TEICNEOLAÍOCHT

Táthar ag leanúint de chlár uailmhianach d'fhorbairtí teicneolaíocht-bhunaithe agus é mar aidhm a chinntiú go mbainfidh an leas is fearr is féidir as Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide.

Leanfaimid de chur chuige forghníomhach a ghlacadh i leith rannpháirtíocht i dtionscnaimh ríomhsheirbhísí an Rialtais agus rannpháirtíocht láidir a choinneáil, i gcomhpháirtíocht le REACH (an ghníomhaireacht atá ag forbairt an gheata leictreonaigh chun rochtain a fháil ar Sheirbhísí Rialtais), i bhfeidhmiú an Bhróicéara Seirbhísí Poiblí. Chomh maith leis sin, táimid ag obair le láithreán gréasáin céadlíne an Rialtais i gcomhair faisnéise Seirbhíse Poiblí trí rannpháirtíocht i dTionscadal OASIS.

Cuirfidh tionscadal *Education Services Interactive (ESI)* na Roinne suíomh gréasáin tairisí ar bun le gníomhú mar “ionad uileghnó” maidir le soláthar slán ar sheirbhísí idirghníomhacha ríomhsheirbhísí an Rialtais chuig scoileanna, lárionaid oideachais agus grúpaí príomhchliant eile.

AG SOILÉIRIÚ NA RIALACHA – RIALACHÁIN NÍOS FEARR

Agus sinn ag déileáil le hathchóiriú rialála, tá ár bhfócas ar rialacháin a thabhairt isteach, lena n-áirítear nósanna imeachta neamhspleácha achomhairc, chun soiléireacht a chur chun cinn maidir le teideal ar acmhainní, chun leithdháileadh acmhainní a dhéanamh chomh trédhearcach agus is féidir agus lena chinntiú go mbíonn fáil ag cliant a bhíonn míshásta le cinneadh a ghlacann an Roinn ar leithdháileadh acmhainní ar shlí chun achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh sin chuig comhlacht atá neamhspleách ar an Roinn.

Tá próisis achomhairc ar leithligh againn chun achomhairc ar roinnt seirbhísí a láimhseáil. Áirítear orthu sin achomhairc ar iarratais ar sheirbhísí agus deontais agus ar athbhreithniú ar chigireachtaí scoile.

- Bord Achomhairc um Chreidmheas Incriminteach do mhúinteoirí a dhéanann achomharc ar chinneadh Roinne gan creidmheas incriminteach a dhámhadh
- Próiseas Achomharc Foirne Iar-Bhunoideachais
- Bord Achomharc Foirne Bunoidéachais
- Nós imeachta chun Athbhreithniú a dhéanamh ar Chigireacht Scoileanna agus Múinteoirí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais, 1988 (*Ceadaíonn an nós imeachta seo do scoileanna agus do mhúinteoirí aonair athbhreithnithe ar thuarascálacha cigireachta a lorg*)
- Bord Achomhairc um Iompar Scoile

- Cinntí Fionraithe agus Rollaithe faoi Alt 29 den Acht Oideachais
- Bord Achomhairc Nua do Scoileanna Bunoideachais a Aithint

Ar fud thréimhse na straitéise seo, leanfaidh an Roinn ag obair lena chinntiú go gcuirfidh na próisis seo soiléireacht agus trédhearcacht chun cinn.

CAIBIDIL 8

Ag Cuidiú le Straitéisí Idir-Rannacha

RÁITEAS
STRAITÉISE
2005 ► 2007

Cuireann an Roinn le roinnt struchtúr idir-rannacha atá curtha i bhfeidhm chun cur chuige comhordaithe a chinntiú maidir le soláthar beartas arna bhforbairt ag an Rialtas. Tugann na beartais sin aghaidh ar shaincheisteanna a mbaineann tábhacht straitéiseach náisiúnta leo, agus áirítear orthu an Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, An Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine, An Straitéis Náisiúnta Leanáí, An Straitéis Náisiúnta Sláinte, Straitéis Shochaí na Faisnéise, An Straitéis Náisiúnta Spásúil, Straitéis na hÁise 1999 – 2009 agus straitéisí a bhaineann le clár oibre Liospóin agus leis an gCoinbhinsiún ar Thodhchaí an hEorpa. Tá obair na Roinne i leith na straitéisí sin leagtha amach faoi gach ceann dá cuid cuspóirí i gCaibidil 2 go dtí 6.

Ar an gcaoi chéanna, to go leor de chuspóirí agus spriocanna na Roinne a dtugtar cuntas orthu sa Ráiteas Straitéise seo ag brath go mór ar chur chuige “Rialtais iomláin”, lena mbaineann comhoibriú suntasach tras-rannach.

MÍBHUNTÁISTE OIDEACHAIS

64

Cuirtear cur chuige na Roinne maidir le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais chun cinn laistigh den chreat idir-rannach Rialtais um uilechuimsitheacht shóisialta viz., an Coiste Comh-Aireachta ar Uilechuimsitheacht Shóisialta, Grúpa na nOifigeach Sinsearach, an Grúpa Stiúrtha ar Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in Aghaidh Bochtaine agus Eisiámh Sóisialta, An Straitéis Náisiúnta Drugaí, na Boird Forbartha Contae, RAPID agus roinnt fóraim tras-earnálacha eile, lena n-áirítear an Coiste reachtúil um Míbhuntáiste Oideachais, a bhíonn ag déileáil le gnéithe sainiúla d’uilechuimsitheacht shóisialta. Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn ar a cuid clár um míbhuntáiste oideachais, le súil agus tógáil ar a bhfuil bainte amach go dtí seo, ag glacadh le cur chuige níos córasaí, níos spriocdhírithé agus níos lánpháirtithe agus ag neartú acmhainneacht an chórais freastal ar riachtanais oideachais leanáí agus dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Thóg an próiseas athbhreithnithe ar obair a rinne an Coiste um Míbhuntáiste Oideachais níos túsce agus cuireann an plean gníomhaíochta ar uilechuimsitheacht oideachais (DEIS), a sheol an tAire i mBealtaine 2005, an gá atá le lánpháirtiú tras-earnálacha agus idir-Rannach mar aon le hoibriú comhpháirtíochta san áireamh.

RIACHTANAS SPEISIALTA OIDEACHAIS

Bíonn dlúthchomhoibriú agus comhordú gníomhaíochtaí idir údaráis oideachais agus sláinte go mór i gceist le soláthar seirbhísí oideachais cuí do leanáí agus do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá ról tábhachtach ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) maidir le seirbhísí tacaíochta ar nós soláthar teiripí éagsúla agus is minic go mbíonn daoine eile faoi mhíchumas ag freastal ar sheirbhísí cúraim lae faoi mhaoiniú an HSE nó go mbíonn siad ina gcónaí i saoráidí faoi mhaoiniú an HSE. Feabhsóidh feidhmiú an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004 comhordú sa réimse seo agus éileoidh sé comhoibriú feabhsaithe idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Sláinte agus Leanáí agus na comhlachtaí iomchuí atá ina réimse freagrachta.

COSAINT LEANAÍ

Mhol Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Sheiceáil an Gharda Síochána, a cuireadh isteach i Márta 2004, gur chóir fostaithe lánaimseartha, fostaithe páirtaimseartha, saorálaithe agus mic léinn ar shocrúchán a mbeadh rochtain shuntasach gan mhaoirsiú acu ar leanáí agus/nó ar dhaoine fásta íogaireacha a sheiceáil sula nglacann siad lena bpost agus, ina leith sin, gur chóir go mbainfeadh gach eagraíocht a earcaíonn agus a roghnaíonn daoine den sórt sin leas as seirbhísí seiceála Lár-Aonad Seiceála an Gharda Síochána.

Tá ionadaíocht ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar an nGrúpa Feidhmiúchán a bunaíodh chun moltaí an Ghrúpa Oibre a chur i bhfeidhm le súil agus socruithe cuí breise a bheith san earnáil oideachais.

OIDEACHAS LUATH-ÓIGE

Oibríonn an Roinn go dlúth le roinnt Ranna eile a bhfuil baint acu le seirbhísí luathoideachais nó cúraim leanaí a sholáthar. Áirítear orthu sin an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

FOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL

Tá an Roinn ag oibriú le roinnt Ranna eile agus leis na Comhpháirtithe Sóisialta maidir le gníomhartha a thabhairt ar aghaidh a thacóidh le straitéisí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, faoin bPáipéar Ban um Oideachas Aosach agus faoin Tascfhórsa um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil. Is ionann an Páipéar Bán agus glacadh le foghlaim ar feadh an tsaol mar phrionsabal lárnach den bheartas oideachais in Éirinn. Is í an eochair d'fhoghlaim rathúil ar feadh an tsaol ná bonn daingean oideachais tosaigh iomchuí ar ardchaighdeán a sholáthar agus an rogha curaclaim i scoileanna dara leibhéal a leathnú chomh maith le raon roghanna a thabhairt chun freastal ar chumais, spéiseanna agus riachtanais dhifriúla. Tá clár na Roinne d'oideachas aosach agus d'oideachas dara deise lárnach freisin don straitéis foghlama ar feadh an tsaol.

65

SEIRBHÍSÍ ÓGRA

Is í an Roinn an phríomhRoinn Rialtais a bhfuil freagracht uirthi as an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Obair Ógra, coiste reachtúil a bunaíodh faoin Acht um Obair Ógra, 2001. Tugann sé le chéile raon leathan ionadaithe ón earnáil reachtúil agus ón earnáil dheonach, lena n-áirítear roinnt Ranna Rialtais, chun críche comhairle a chur ar an Aire Stáit ar a bhfuil freagracht as gnóthaí ógra i dtaca le beartas agus seirbhísí obair ógra.

RIACHTANAI SCILEANNA AMACH ANSEO

Maidir leis an ardoideachas, oibríonn an Roinn go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus lena cuid gníomhaireachtaí, lena n-áirítear Forfás agus FÁS, chun riachtanais scileanna an gheilleagair amach anseo a aithint agus a chomhlíonadh i gcomhthéacs obair an tSainghúrpa um Riachtanais Scileanna Amach Anseo. Is ann do shocruithe den chineál céanna leis an Roinn Oideachais agus Leanaí agus lena gníomhaireachtaí comhpháirtíochta maidir le freastal ar riachtanais scileanna amach anseo sa réimse sláinte.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT

Ag teacht le cinneadh an Rialtais i Meitheamh 2004, tá an tAire Oideachais agus Eolaíochta ag obair leis na comh-Airí a bhfuil portfóilíonna taighde acu chun foráil do thosaíocht straitéiseach, socrú treorach agus acmhainní. Faigheann an grúpa Comh-Aireachta tacaíocht ó choiste idir-rannach d'oifigigh shinsearach a bhfuil freagracht as Eolaíocht agus Teicneolaíocht ina Ranna Rialtais faoi seach tarmiligthe chucu agus freastalaíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar an bhfóram seo.

OIDEACHAS SLÁINTE

Bíonn idirchaidreamh ag an Roinn leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le roinnt straitéisí oideachas sláinte agus cur chun cinn sláinte. Áirítear orthu sin an clár um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE) i scoileanna, an Tascfhórsa Straitéiseach ar Dheochanna Meisciúla, an Tascfhórsa um Shláinte Croí agus an Clár Náisiúnta Sláinte Óige. Tá an Roinn tiomanta do chuidiú leis an stádas sláinte a bhuanú agus a fheabhsú ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta Sláinte, “Quality and Fairness”.

SOLÁTHAR POIBLÍ

Ag eascirt as rannpháirtíocht shuntasach na Roinne i gclár thógála scoileanna agus tríú leibhéal, tá ionadaíocht aici ar Choiste Conarthaí an Rialtais, coiste atá faoi chathaoirleacht na Roinne Airgeadais agus ar a bhfuil ionadaíocht ón Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, ón Roinn Sláinte agus Leanaí, ón Roinn Cosanta, ó Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí. Is í feidhm an choiste ná a chinntiú go ndéantar gach Conradh Rialtais de réir treoirínte soláthair poiblí agus go mbíonn comórtas cothrom agus oscailte ann.

RÍOMHSHEIRBHÍSÍ AN RIALTAIS

Ó thaobh na Teicneolaíochta Faisnéise de, leanfaidh an Roinn de chur chuige forghníomhach a ghlacadh maidir le rannpháirtíocht i dtionscnaimh tras-rannacha ríomhsheirbhísí an rialtais, lena n-áirítear Soláthar leictreonach, Comh-Aireacht leictreonach agus Reachtaíocht leictreonach. Coinneoidh sí rannpháirtíocht láidir, i gcomhpháirtíocht le REACH (an ghníomhaireacht atá freagrach as geata leictreonach a sholáthar do shaoránaigh chun teacht ar Sheirbhísí Rialtais), i bhfeidhmiú Bhróicéir na Seirbhíse Poiblí agus i lánpháirtiú an Bhróicéara sin le tionscadail ríomhsheirbhísí Rialtais na Roinne féin. Ina theannta sin, leanfaimid orainn ag obair i gcomhpháirtíocht le Tionscadal OASIS agus le tionscadal *Reachservices*.

COMHOIBRIÚ THUaidh/THEAS

Oibríonn an Roinn go dlúth le Roinn an Taoisigh, leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, le Comhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC) agus le raon Ranna eile maidir le saincheistanna a bhaineann le comhoibriú Thuaidh/Theas agus, go háirithe, le saincheistanna a aithnítear do chomhoibriú an NSMC

AN TAONTAS EORPACH

Maidir le Clár Oibre Liospóin, tá grúpa tras-rannach curtha le chéile ag Roinn an Taoisigh a fhéachann ar na saincheistanna uile a eascraíonn as tátail fhorghabhálacha Cheannasaithe Stáit agus Rialtais an Aontais Eopaigh (HOSG) ag an gcruinniú mullaigh a bhí acu sa Liospóin in Earrach na bliana 2000. Leag an HOSG sprioc straitéiseach síos dóibh féin “an geilleagar eolasbhunaithe is iomaíche agus is dinimiciúla ar domhan” a dhéanamh den Aontas Eorpach faoi 2010. Tá ról tábhachtach ag an oideachas agus oiliúint chun an sprioc sin a bhaint amach. Tá ionadaíocht ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta freisin ar an gCoiste Comhordaithe Idir-Rannach ar Ghnóthaí AE. Faoi chathaoirleacht an Aire Stáit ar a bhfuil freagracht as Gnóthaí Eorpacha, breathnaíonn an coiste seo ar na saincheistanna suntasacha go léir a thagann chun cinn ag leibhéal an Aontais Eorpaigh.

CREAT TACAÍOCHTA AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH

Forálann Creat Tacaíochta an Chomhphobail Eorpaigh d'Éirinn 2000 – 2006 d'os cionn €457 milliún i gCistí Struchtúracha do bhearta san earnáil oideachais. Oibríonn an Roinn go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar a bhfuil freagracht foriomlán as bainistiú an Chláir Oibríocháin um Fhostaíocht agus Fhorbairt Acmhainní Daonna agus Chlár Oibríocháin na hEarnála Táirgíochta. Maidir le Clár Oibríocháin na Teorann, Lár Tíre agus Iarthair (BMW) agus Clár Oibríocháin an Deiscirt agus an Oirthir (S&E), téann an Roinn i mbun idirchaidrimh leis na Comhthionóil Réigiúnacha cuí.

STRAITÉIS NA HÁISE

Leagann 'Deich mBliana de Straitéis na hÁise 1999 go dtí 2009' amach roinnt tograí chun trádáil agus caidreamh tacaíochta eile a fhorbairt le tíortha na hÁise. Is gné thábhachtach den Straitéis Éire agus an Áise a nascadh trí oideachas. Oibríonn an Roinn go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le Ranna Rialtais eile maidir le feidhmiú na Straitéise.

DÍLÁRÚ

Beidh tionchar ag an Dílárú ar na ranna Rialtais go léir, lena n-áirítear iad sin a bhfuil sa chéad chéim gluaiseachtaí agus iad sin a bheidh ag fanacht i mBaile Átha Cliath. Tarlaíonn sin mar go mbeidh leibhéal suntasach aistriú foirne idir na ranna agus na gníomhaireachtaí eile ag gach céim den fheidhmiú. Chun an clár a thabhairt i gcrích go rathúil laistigh de na scálaí ama a shamhlaítear, éileofar comhoibriú dlúth idir na ranna lena chinntiú go mbeidh a laghad cur isteach is féidir ar sheachadadh seirbhísí Stáit mar thoradh ar an athrú foirne.

Trína chomhaltas sa Ghrúpa Oifigigh Idirchaidrimh an Dílártha, cuirfidh an Roinn le forbairt beartais ag leibhéal lárnach i ndáil le dílárú agus cuirfidh sí le réiteach a fháil ar na deacrachtaí ginearálta a eascróidh as feidhmiú.

CAIBIDIL 9

Eagraíocht
atá ag Athrú

RÁITEAS
STRAITÉISE
2005 ► 2007

ÁR BHFÓCAS A ATHRÚ

Tá an Roinn ag na céimeanna deiridh de mhórchlár athchóirithe struchtúrtha lenar bunaíodh an Coimisiún um Scrúduithe Stáit (SEC), Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus líonra d'Oifigí Réigiúnacha.

Chuir bunú an SEC ar chumas na Roinne imeacht ó rannpháirtíocht mhion i nithe oibríochtúla agus díriú isteach ar fhorbairt beartais, pleanáil chun cinn agus meastóireacht. Ceadóidh aistriú struchtúrach feidhmeanna ón Roinn go dtí an NCSE don Roinn díriú isteach ar phleanáil do bheartas amach anseo lena chinntiú gurb é an toradh a bheidh ar leithdháileadh acmhainní ná seirbhísí oideachais cuí a bheith ar fáil do na leanaí go léir.

Príomhchuspóir ná bainistiú an eolais a neartú ionas go bhféadfar beartas níos éifeachtaí a cheapadh. Táimid tiomanta úsáid níos fearr a bhaint as an bhfianaise agus an taighde atá cheana ann, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, chun tacú le forbairt beartais agus cinnteoireacht. Beidh sainathint fhorghníomhach agus chórasach ar riachtanais faisnéise i gceist leis seo, mar aon le bainistiú ar shruthanna faisnéise, ar shlí a chuireann eolas ar an sárchleachtas i bhfeidhm ar cheisteanna praiticiúla beartais. Go háirithe, déanfaimid:

- Ár struchtúir déanta beartais a neartú agus a fhorbairt le bheith ag súil le riachtanais oideachais méantéarmacha agus fadtéarmacha, agus pleanáil dóibh.
- A chinntiú go ndéanfar ceapadh beartais ar shlí chomhréireach agus chomhleanúnach laistigh den Roinn agus ar fud an chórais oideachais
- Plean straitéiseach méantéarmach a fhorbairt do thaighde agus forbairt oideachais a léiríonn tosaíochtaí beartais
- Taighde atá ábhartha don sárchleachtas agus do nuáil ag gach céim den fhoghlaim a aimsiú, a anailísiú agus a scaipeadh
- Struchtúir a fhorbairt do chur chun cinn agus d'fhorbairt taighde oideachais

AG CUR LENÁR SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Tá an Roinn tiomanta an tseirbhís is fearr is feidir a sholáthar dá cuid custaiméirí laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. Tá cuid shuntasach den obair a dhéanann formhór na foirne sa Roinn dírithe ar réimse leathan seirbhísí a sholáthar ó lá go lá. I rith thréimhse an Ráitis Straitéise seo, agus i rith an phróisis athraithe a dtugtar cuntas thuas air, leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag cothabháil agus ag feabhsú soláthar na seirbhísí sin, sa chaoi go ndéanfar iad a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí, is éifeachtúla, is tráthúla agus is airde caighdeán agus is féidir. Tá ár straitéis um sheirbhísí do chustaiméirí leagtha amach i gCaibidil 7, *Ag Díriú ar Riachtanais ár gClíant*.

AG OBAIR LE RANNA EILE RIALTAIS

Cuirfidh an Roinn le naisc idir Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile, ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal áitiúil, a threisiú chun comhordú agus lánpháirtiú na mbeartas gaolmhar Rialtais a fheabhsú. Tá an obair a dhéanaimid do straitéisí tras-rannacha mionsonraithe i gCaibidil 8.

ÁR NACMHAINN ANAILÍSEACH A THREISIÚ

Tá an Roinn tiomanta d'acmhainneacht níos láidre pleanála a fhorbairt, lena n-áirítear anailís ar staitisticí agus ar tháscairí feidhmíochta oideachas na hÉireann, sa chomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta, le bheith mar bhonn taca do cheapadh beartais náisiúnta. Treiseoidh an Roinn, go háirithe, a hacmhainneacht maidir le roghanna éifeachtacha agus nuálacha beartais a cheapadh i ndáil le mórtreochtaí sóisialta, déimeagrafacha agus eacnamaíocha.

BAINISTIÚ AIRGEADAIS NÍOS FEARR

Éilíonn na héilimh bhreise a dhéantar ar an Roinn ag eascirt as leibhéal méadaithe caiteachais phoiblí ar oideachas agus an gá atá le faisnéis bhainistiú airgeadais feabhsaithe chun tacú le próiseas bainistíochta straitéisí go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar chóras bhainistiú airgeadais lánpháirithe na Roinne. Éascóidh sé sin lánchostasú na gclár agus cuimseoidh sé táscairí feidhmíochta chomh maith le faisnéis eile a bhaineann le cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach agus, mar thoradh air sin, luach níos fearr a fháil ar airgead.

71

AN ACMHAINN IS TÁBHACHTAÍ ATÁ AGAINN A FHORBAIRT

Tá feidhmiú rathúil an athraithe eagraíochtúil agus na straitéisí atá leagtha amach sa ráiteas seo ag brath go mór ar thiomantas, eolas, scileanna agus inniúlachtaí fhoireann na Roinne. Tá earcú agus fostú líon leordhóthanach foirne, soláthar oiliúna iomchuí agus bainistiú an PMDS ina bpríomhchuspóirí dár Straitéis Acmhainní Daonna.

Feabhsóimid agus leathnóimid roghanna oiliúna agus forbartha don fhoireann freisin chun freastal ar na riachtanais a bheidh sainaitheanta ag na leibhéil go léir agus chun cabhrú le foireann nua a lánpháirtiú san eagraíocht. Leanfaimid de bheith ag tacú le hobair an Choiste Comhpháirtíochta, a bunaíodh ar dtús faoin gcreat comhaontaithe do nuachóiriú de chuid Comhpháirtíocht 2000 agus a bhfuil ról ríthábhachtach anois aige i gclár nuachóirithe na Roinne. Agus leanfaimid d'athbhreithniú a dhéanamh ar an obair sin.

AGUISÍN A

Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

An Chomhairle Chomhairleach do Scoileanna Mhúinte an Bhéarla

An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

An tIonad um Fhorbairt agus Oideachas Luathóige

An Coimisiún ar Riachtanais Chóiríochta Scoile

Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna

Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna

An tÚdarás um Ard-Oideachas

Institiúid Teangeolaíochta Éireann

Integrated Ireland Language and Training Ltd.

An Bord Oideachais Idirnáisiúnta - Éire

An Chomhairle um Thaighde san Eolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Teicneolaíocht

An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta

Léargas – An Biúró Malartaithe

An Chomhairle Náisiúnta Foghlama Aosaigh

An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas

An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

An Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe

Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann

Royal Irish Academy/Acadamh Ríoga na hÉireann

An Coimisiún um Scrúduithe Stáit

Gaisce – Gradam an Uachtaráin

An Chomhairle Mhúinteoireachta
